# Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta

I gcomhair comhairliúcháin

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Meán Fómhair 2025

# An Clár Ábhar


RÉAMHRÁ ....... 1

1. CÚLRA AGUS COMHTHÉACS ....... 2

**Achoimre ar an gCuid seo** ....... 4

2. AN EACNAMAÍOCHT SA CHURACLAM ....... 5

**Staidéar Gnó sa tSraith Shóisearach** ....... 5

**Eacnamaíocht sa tSraith Shinsearach** ....... 5
Eacnamaíocht san Idirbhliain (IB) ....... 5
Gnó na hArdteistiméireachta – sonraíocht nua ....... 5

**Eacnamaíocht i bhfócas** ....... 6
Rannpháirtíocht an scoláire ....... 6
Measúnú don teistiúchán ....... 7

**Achoimre ar an gCuid seo** ....... 7

3. LÉARGAS Ó CHUAIRTEANNA AR SCOILEANNA ....... 9

**Achoimre ar an gCuid seo** ....... 11

4. TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA SAN OIDEACHAS EACNAMAÍOCHTA ....... 13

**An India** ....... 13

**Albain** ....... 14

**Sasana** ....... 15

**Tuaisceart Éireann** ....... 17

**Achoimre ar an gcuid seo** ....... 18

5. CEISTEANNA A BHFUIL MACHNAMH LE DÉANAMH ORTHU ....... 20

**Acmhainneacht scoláire a fhorbairt sa taighde agus anailís** ....... 20

**Fairsinge fhoghlaim na scoláirí agus soiléireacht laistigh den tsonraíocht** ....... 20

Ábharthacht agus inbhuanaitheacht na sonraíochta a chinntiú i ndomhan atá ag athrú go tapa .......... 21

Measúnú Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta .......... 21

Achoimre ar an gCuid seo .......... 21

6. TREOIR DON ATHBHREITHNIÚ AR EACNAMAÍOCHT .......... 23

TAGAIRTÍ .......... 25

AGUISÍN 1: PARAIMÉADAIR UILEGHABHÁLACHA LE HAGHAIDH CEAPADH SOCRUITHE MEASÚNAITHE I BHFORBAIRT NA SONRAÍOCHTAÍ DO GACH ÁBHAR I DTRÁINSE 4 .......... 27

# Réamhrá

Foilsíodh an tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís i leith sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagtar amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022). Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófar sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Áirítear an athfhorbairt ar Eacnamaíocht i dTráinse 4, a thabharfar chun cíche in 2027 lena thabhairt isteach i scoileanna i Meán Fómhair 2028.

Cuirtear comhthéacs ar fáil sa pháipéar seo le haghaidh an athbhreithnithe ar an Eacnamaíocht agus rinne tuairimí múinteoirí, ceannairí scoile agus scoláirí bonn eolas a chur faoi, tuairimí a bailíodh trí chuairteanna scoile a rinneadh i sampla ionadaíoch de scoileanna. Cuirtear tús leis an gcáipéis seo le machnamh ar chúlra na hEacnamaíochta, agus dearcadh ar an gcomhthéacs reatha á chur i láthair i gCuid 1, lena n-áirítear machnamh ar fhorbairtí beartais ábhartha. I gCuid 2 leagtar amach an chaoi a bhfreastalaítear faoi láthair ar oideachas na hEacnamaíochta laistigh de churaclam na hÉireann, sula ndírítear ar bhealach níos mionsonraithe ar Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, agus cuirtear forléargas ar fáil i gCuid 3 ar na léargais a fuarthas trí chuairteanna scoile a rinneadh agus tríd an taithí saoil a bhíonn ag scoileanna, múinteoirí, agus scoláirí. I gCuid 4 meastar deiseanna oideachais comhchosúla i dtíortha eile agus cuirtear forbhreathnú i láthair ar cheithre dhlínse dhifriúla. I gCuid 5 tarraingítear ar na trí chuid roimhe sin chun roinnt saincheisteanna a chatagóiriú agus a phlé go hachomair, ar saincheisteanna iad a sainaithníodh lena mbreithniú in athfhorbairt Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta roimh threoir bheartaithe a leagan amach ar deireadh le haghaidh na hoibre sin i gCuid 6, rud a threoróidh obair na meithle forbartha.

## 1. Cúlra agus Comhthéacs

Leagtar amach sa chuid seo roinnt de na forbairtí suntasacha in Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta ó tugadh isteach i dtosach í, sula ndírítear ar an tírdhreach oideachais agus beartas níos leithne, ar ceisteanna tábhachtacha comhthéacsúla iad le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta.

Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta in 2015 agus tugadh isteach i scoileanna é in 2019. Tháinig an tsonraíocht sin in ionad shiollabas 1969. Tá sé le tabhairt faoi deara gur fhaomh an tAire Oideachais agus Eolaíochta an siollabas in 2007. Ach, nuair a beartaíodh é a thabhairt isteach bhí déine agus géarchéim airgeadais na mblianta roimhe sin i bhfeidhm, agus dá bharr sin cuireadh siar é. Le linn na tréimhse sin freisin, bhí tionchar suntasach ag éagobhsaíocht eacnamaíoch a bhí ag géarú sa tír agus go domhanda ar gheilleagar na hÉireann agus rinne eacnamaithe athluacháil ar an gcaoi ar láimhseáladh an ghéarchéim, an chaoi a bhféadfaí í a chosc, agus impleachtaí na hanailíse seo do chúrsaí staidéir san eacnamaíocht amach anseo ag gach leibhéal. Dá thoradh sin, bhí imní ann go bhféadfadh siollabas 2007 bheith as dáta go tapa, ag neartú an cháis chun tuilleadh athmhachnaimh a dhéanamh ar an gcúrsa Eacnamaíochta do scoláirí Ardteistiméireachta. Rinneadh measúnú i Meitheamh 2021 den chéad uair ar an tsonraíocht a tugadh isteach in 2019 agus áirítear ann staidéar taighde staidéar ar fiú 20% de na marcanna é. Cuirtear dul chun cinn agus leanúnachas ó Ghnó na Sraithe Sóisearaí ar fáil sa chúrsa, ach is féidir le scoláirí an t-ábhar a staidéar ab initio freisin.

Is eolaíocht shóisialta í Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, arna stiúradh ag an mian pátrúin, caidreamh agus prionsabail eacnamaíocha a cheistiú agus a fhiosrú. Déanann scoláirí staidéar ar easnamh agus dáileadh acmhainní srianta ag daoine, rialtais agus cuideachtaí. Tá eacnamaíocht i gcroílár na forbartha domhanda agus má thuigtear eacnamaíocht beidh scoláirí in ann tuiscint a fháil ar an gcaoi a oibríonn geilleagair, beartais fhioscacha, idirghabhálacha rialtais chun tionchar a imirt ar iompar sochaíoch, sásraí margaidh agus, an tionchar ollmhór a bhíonn acu ar shochaithe. Is féidir le tuiscint ar eacnamaíocht smaointeoireacht anailíseach agus chriticiúil scoláirí a fhorbairt atá ríthábhachtach le maireachtáil sa domhan nua-aimseartha. Is iad micreacnamaíocht agus maicreacnamaíocht na príomhréimsí staidéir san eacnamaíocht. Baineann an chéad cheann le gníomhaíochtaí teaghlach agus eagraíochtaí príobháideacha i gcúrsaí a bhaineann le dáileadh acmhainní laistigh de mhargaí aonair, agus baineann an dara ceann le saincheisteanna ar scála eacnamaíoch domhanda, ag déanamh staidéar ar idirghaol agus nasc cinntí agus imeachtaí rialtais dhomhanda le Olltáirgeacht Intíre (OTI), dífhostaíocht, agus boilsciú. Mar sin, tá go leor topaicí tarraingteacha ann do scoláirí chun an réimse eacnamaíoch a fhiosrú agus dul i ngleic leis. Teastaíonn eolas eacnamaíoch ó ghairmithe a oibríonn i réimsí éagsúla amhail an rialtas, an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí.

Lean paindéim dhomhanda Covid-19 agus an cur isteach a bhain léi don chóras oideachais agus don tsochaí ar fad go tapa tar éis don tsonraíocht churaclaim Eacnamaíochta nua a bheith tugtha isteach i mí Mheán Fómhair 2019. Mar a thuigfeá, bhí dúshláin bhreise ag baint leis sin maidir le

cur i bhfeidhm na sonraíochta nuaí agus dá thoradh rinneadh athruithe leis na socruithe measúnaithe atá fós ag leanúint ar aghaidh.

Ó tugadh isteach sonraíocht 2019, tá go leor athruithe agus dul chun cinn tarlaithe ar fud an domhain. Tá idirphlé casta idir geopholaitíocht agus eacnamaíocht ar siúl faoi láthair. Tar éis deicheanna de bhlianta de chomhtháthú eacnamaíoch ag doimhniú, tá tíortha go domhanda anois ag déanamh a mbealach trí thimpeallacht an-éagsúil, múnlaithe ag ilroinnt eacnamaíoch agus teannais gheopholaitiúla agus trádála atá géaraithe. Dá thoradh sin, tá sé tuartha go bhfanfaidh fás domhanda foriomlán íseal. Tá an tírdhreach eacnamaíoch domhanda inniu an-éagsúil le deich mbliana ó shin. Tá beartais chosantaíocha ag dul i méid. Tá athchumrú an gheilleagair dhomhanda á rialú úsáid na trádála mar arm trí úsáid níos mó a bhaint as taraifí, bacainní neamhtharaifí, agus srianta onnmhairithe. Ní bhfuair mórán tíortha eile an oiread tairbhe is a fuair Éire ó shaoirse trádála agus infheistíochta agus mar mhalairt, tá sí an-nochta mar gheilleagar beag oscailte d'aon athruithe nó turraingí.

Go domhanda, tá pléascadh freisin tarlaithe i bhfás airgeadraí digiteacha agus Cuideachtaí Teicneolaíochta Airgeadais atá ina gcúis le hathruithe nach bhfacthas cheana in earnáil na baincéireachta agus sa tsochaí, agus Éire agus tíortha eile anois an iompú ina sochaí gan airgead tirim.
Ina theannta sin, bhí éifeacht ag tionchar an Bhreatimeachta, Covid-19, agus le déanaí, an éagobhsaíocht a d'eascair as an gcogadh agus an chorraíl sa Mheánoirthear ar roinnt tosca go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta amhail rátaí boilscithe, saincheisteanna slabhra soláthair, leas eacnamaíoch shaoránaigh na hÉireann, athrú aeráide, agus an t-aistriú chuig todhchaí fuinnimh ísealcharbóin.

Eisíodh roinnt beartas agus tionscnamh eacnamaíoch freisin ar fud na hÉirinn agus an Aontais Eorpaigh (AE) a raibh athruithe go náisiúnta agus ar fud na hEorpa dá dtoradh. Cuirtear i dtábhacht sna hathruithe sin roinnt réimsí inar gá machnamh a dhéanamh agus Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta á hathfhorbairt.

Chuir rialtais i ndiaidh a chéile béim ar iompraíocht an duine,chun beartais rialtais a fhorbairt agus spriocanna beartais phoiblí tábhachtacha a bhaint amach m.sh. méaduithe ar chánacha carbóin ar bhreosla agus méaduithe ar dhleachtanna máil ar thoitíní agus alcól. Ach, le blianta beaga anuas tá an rialtas i bhfad níos réamhghníomhaí agus prionsabail na heacnamaíochta iompraíochta á gcur i bhfeidhm chun spriocanna beartais phoiblí eile a bhaint amach amhail sláinte a chur chun cinn (Cáin Siúcra, Íosphraghas Aonaid d'Alcól) agus dul i ngleic leis an athrú aeráide (Cáin Charbóin, Scéim Éarlaise agus Aisíoca).

Mar gheall ar athruithe sa tsochaí agus inár ngeilleagar tá roinnt beartas sóisialta agus fioscach forbartha ag rialtas na hÉireann lena n-áirítear an Pá Maireachtála Náisiúnta atá beartaithe le tabhairt isteach in 2026 a bhfuil sé mar aidhm leis íoschaighdeán maireachtála inghlactha a bhaint amach agus atá bunaithe ar fhianaise agus fréamhaithe i gcomhthoil shóisialta agus an straitéis Tithíocht do Chách a chothófar le €6bn d'infheistíocht chaipitil sa tithíocht in 2025 – comhdhéanta de mhaoiniú státchiste €3.1bn, €1.25 leithdháilte don Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) agus €1.65bn don Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe (HFA).

Ar an taobh fioscach, áirítear ar bhearta a thug an rialtas isteach bunú Údarás Náisiúnta um Uathrollú Coigiltis Scoir chun tacú le fostaithe áirithe nach bhfuil ag íoc isteach i bpinsean. Bíonn

tionchar ar ghnólachtaí agus tomhaltóirí araon ag athruithe le reachtaíocht a áirítear san Acht um Chosaint Tomhaltóirí ina n-aithnítear ról an AE agus an mhargaidh aonair i gcearta tomhaltóirí. Raon beartas AE eile lena n-áirítear an Comhbheartas Talmhaíochta (2023-2027) ina ndírítear ar chur chun feidhme náisiúnta CBT an Aontais Eorpaigh, agus ar inbhuanaitheacht, athnuachan ó ghlúin go glúin, agus forbairt chríochach chothromaithe go háirithe. Áirítear ar bheartais eile AE atá bainteach Straitéis Feirm go Forc/Straitéis um an gComhaontú Glas don Eoraip 2020 a bhfuil sé mar aidhm léi córais bhia a dhéanamh cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol agus chun an tAontas Eorpach a dhéanamh aeráidneodrach faoi 2050.

Déanann Íosráta Cánachais Éifeachtaigh a comhaontaíodh in 2024 difear go háirithe do gheilleagar oscailte na hÉireann, áit ar chiallaigh an t-íosráta cánachais éifeachtaigh ag 15% do chuideachtaí ilnáisiúnta atá gníomhach i mBallstáit an Aontais Eorpaigh go raibh ráta cáin chorparáideach mealltach 12% na hÉireann méadaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht inár ngeilleagar in 2022 thug an rialtas isteach An tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022 atá mar bhuntaca le hathrú na hÉireann ó mhúnla líneach 'tóg-déan-cuir amú' chuig patrún níos inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais a choinneoidh luach na n-acmhainní inár ngeilleagar. B'fhéidir gur ghá machnamh a dhéanamh orthu sin uile i sonraíocht Eacnamaíochta athfhorbartha.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Tugadh isteach an tsonraíocht Eacnamaíochta reatha in 2019 agus áirítear inti staidéar taighde ar fiú 20% de na marcanna iomlána é
- Is eolaíocht shóisialta í eacnamaíocht, arna stiúradh ag an mian prionsabail, caidreamh agus patrúin eacnamaíocha a cheistiú agus a fhiosrú agus léirítear é seo sa tsonraíocht reatha
- Nuair a tugadh isteach an tsonraíocht Eacnamaíochta nua i Meán Fómhair 2019 bhí dúshláin ag baint lena cur i bhfeidhm ar dtús mar gheall ar phaindéim dhomhanda Covid-19 agus dá thoradh rinneadh athruithe leis na socruithe measúnaithe atá fós ag leanúint ar aghaidh.
- Rinneadh forbairtí beartais suntasacha san Eacnamaíocht le 5 bliana anuas ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE lena n-áirítear réimsí amhail an scéim éarlaise agus aisíoca, an geilleagar ciorclach, an Comhbheartas Talmhaíochta agus an t-íosráta cáin chorparáideach éifeachtach gan ach cúpla ceann a lua.

## 2. An Eacnamaíocht sa churaclam

Cuireann an chuid seo forléargas ar fáil ar na deiseanna foghlama a bhaineann le hEacnamaíocht na hArdteistiméireachta atá ar fáil do scoláirí faoi láthair laistigh de chláir na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí araon. Dírítear ansin ar na rátaí rannpháirtíochta in Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, agus tugtar breac-chuntas ar roghnú an ábhair agus fiosraítear Nóta Faisnéise Obair Chúrsa 2021 an Phríomhscrúdaitheora ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

### Staidéar Gnó sa tSraith Shóisearach

Tugadh sonraíocht athbhreithnithe ábhair isteach in 2015 le haghaidh Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí i scoileanna i gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (ROS, 2015). Tháinig sé seo isteach in ionad shiollabas Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí in 1989. Cuimsíodh leis na príomhathruithe tabhairt isteach dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRBanna), díriú ar phríomhscileanna agus baint an riachtanais go mbeadh ar scoláirí Staidéar Gnó dhá scrúdú scríofa deiridh a dhéanamh ag an Ardleibhéal. Dírítear sa tsonraíocht seo ar thuiscint na scoláirí ar an timpeallacht ghnó a fheabhsú agus ar scileanna saoil, scileanna don obair agus scileanna do staidéar breise a fhorbairt trí na trí shnáithe idirnasctha: Airgeadas Pearsanta, Fiontraíocht agus Ár nGeilleagar. Tá naisc le hEacnamaíocht forleathan sna torthaí foghlama a leagtar amach sna trí shnáithe, go háirithe in Ár nGeilleagar agus i Snáithe a hAon: Airgeadas Pearsanta, riachtanais agus mianta, cearta agus freagrachtaí mar thomhaltóirí. Anuas air sin, ceann de na roghanna do scoláirí agus Measúnú Rangbhunaithe 1 á dhéanamh acu is ea Eacnamaíocht á Cur i nGníomh. Sa tsonraíocht athbhreithnithe rinneadh athbhreithniú freisin ar ábhar ginearálta na sonraíochta le béim níos mó ar thuiscint agus ar chur i bhfeidhm teoiricí agus beartais eacnamaíochta, oiriúnach don aois agus don chéim.

### Eacnamaíocht sa tSraith Shinsearach

#### Eacnamaíocht san Idirbhliain (IB)

Tá neamhspleáchas agus solúbthacht ag scoileanna chun a gclár IB féin a dhearadh atá oiriúnach do riachtanais agus leasanna a scoláirí, laistigh de pharaiméadair Ráiteas an Chláir Idirbhliana a thabharfar isteach i ngach scoil i Meán Fómhair 2025.  Tá roinnt tionscnamh eacnamaíoch ar féidir le scoláirí tabhairt fúthu le linn IB amhail Eacnamaí Óg na Bliana (YEOTY) ina bhfiosraíonn scoláirí saincheisteanna fíorshaoil trína dtionscadail agus dámhachtain Scoláirí Ghlúin an €uro (Generation €uro Students) ina gcuirtear chun cinn feasacht i measc scoláirí de bheartas airgeadais agus de mhicreacnamaíocht.

#### Gnó na hArdteistiméireachta – sonraíocht nua

Foilsíodh sonraíocht churaclaim nua le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta i mí Mheán Fómhair 2024. Tosófar ag teagasc na sonraíochta seo don 5ú bliain i Meán Fómhair 2025 agus scrúdófar don chéad uair í in Ardteistiméireacht Mheitheamh 2027. Áirítear sa tsonraíocht gnéithe den eacnamaíocht trí lionsa an chaoi a ndéanann sí difear do ghnó. I snáithe amháin den tsonraíocht dar teideal ‘An Timpeallacht Ghnó a Fhiosrú’ foghlaimíonn scoláirí faoi: gnó agus an geilleagar, tionchar an bheartais náisiúnta agus AE, gnólachtaí Éireannacha agus trádáil go domhanda agus go hidirnáisiúnta.

## Eacnamaíocht i bhfócas

Sa chuid seo fiosraítear rátaí rannpháirtíochta in Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, bunaithe ar staitisticí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus cuirtear forléargas i láthair ar an measúnú don teistiúchán agus léargas ó Nóta Faisnéise an Phríomhscrúdaitheora 2021.

### Rannpháirtíocht an scoláire

Tá laghdú beag tagtha ar líon na scoláirí Ardteistiméireachta ag tabhairt faoin Eacnamaíocht i gcoibhneas leis an méadú ar líon na scoláirí Ardteistiméireachta gach bliain. Ón gcéad uair a scrúdaíodh an tsonraíocht nua in 2021, tá an líon daoine a shuíonn Eacnamaíocht tite ó 9.4% go 8.35%. Ach, is fiú tabhairt faoi deara gur le linn na tréimhse sin a tugadh isteach dhá ábhar Ardteistiméireachta nua i gcuraclam na sraithe sinsearaí – an Corpoideachas, agus an Ríomheolaíocht.

Tábla 1: Líon na scoláirí ag déanamh Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta ag ardleibhéal agus ag gnáthleibhéal 2019-2024 (Staitisticí Scrúdaithe Bliantúla CSS 2019-2024)

| Bliain | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal | Líon Iomlán na nIarrthóirí | Líon Iomlán na nIarrthóirí Ardteistiméireachta | Eacnamaíocht mar % d'iarrthóirí iomlána |
|---|---|---|---|---|---|
| 2019 | 4990 | 873 | 5863 | 56,071 | 10.46% |
| 2020 | 5081 | 665 | 5746 | 57,668 | 9.96% |
| 2021 | 4979 | 486 | 5465 | 57,952 | 9.4% |
| 2022 | 5155 | 575 | 5730 | 58,056 | 9.87% |
| 2023 | 4510 | 577 | 5087 | 58,006 | 8.77% |
| 2024 | 4264 | 480 | 4744 | 56,791 | 8.35% |

Tábla 2: Líon na scoláirí ag déanamh Ábhair Ghnó san Ardteistiméireacht 2019-2024 (Staitisticí Scrúdaithe Bliantúla CSS 2019-2024)

| Bliain | Eacnamaíocht | Gnó | Cuntasaíocht | Líon Iomlán na nIarrthóirí Ardteistiméireachta |
|---|---|---|---|---|
| 2019 | 4990 | 17326 | 7907 | 56,071 |
| 2020 | 5081 | 17901 | 8107 | 57,668 |
| 2021 | 4979 | 18032 | 8326 | 57,952 |
| 2022 | 5155 | 19457 | 7735 | 58,056 |
| 2023 | 4510 | 19501 | 7058 | 58,006 |
| 2024 | 4744 | 19784 | 7438 | 56,791 |

## Measúnú don teistiúchán

### Léargais ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit

Níor fhoilsigh CSS aon Tuarascálacha Príomhscrúdaitheora ar Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta ó eisíodh sonraíocht 2019. Mar sin féin, i nóta faisnéise a d'fhoilsigh CSS in 2021 tugadh faoi deara dea-chleachtais i ndáil leis an rannpháirteachas leis an tionscadal taighde scoláire. Áirítear sa nóta faisnéise breathnuithe chun tacú le múinteoirí agus le scoláirí ina rannpháirtíocht le hobair chúrsa. I measc na samplaí de dhea-chleachtas a chonaic an Príomhscrúdaitheoir san Eacnamaíocht bhí:

- Cuireadh i láthair tuarascálacha taighde ar bhealach maith go ginearálta agus lean siad an t-ábhar, an líon focal agus an struchtúr táscach. Bhí ardleibhéal úrnuachta agus nuálaíochta soiléir i bhformhór na dtuarascálacha agus ba léir go ndearna iarrthóirí taighde ar a línte fiosrúcháin. Bhí rannpháirteachas iarrthóra leis an treoir soiléir trí raon tagairtí iomchuí
  le leabharliosta gonta agus sonraí ábhartha, a raibh tuarascáil níos cuimsithí dá thoradh.
- Is iondúil go bhfuair iarrthóirí a dhírigh a líne fiosrúcháin aonair ar réimse sainiúil, discréideach marcanna níos airde mar gur éascaigh cineál dírithe a dtaighde iad chun aidhmeanna soiléire sonracha a bheith acu. Thug sé struchtúr agus fócas don phróiseas taighde a d'éascaigh iarrthóirí chun teacht ar chonclúidí bailí agus ábhartha.
- Teoiricí agus coincheapa ábhartha nasctha go hiomchuí le
  líne fiosrúcháin aonair an iarrthóra.
- Bhí na sonraí a úsáideadh bailí, agus infheidhme don líne fiosrúcháin agus bhain siad le raon sonraí a bhí
  éagsúil, ábhartha agus cothrom le dáta. D'úsáid iarrthóirí sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla de réir mar ba ghá agus mar atá leagtha amach sa roinn ábhar táscach de threoir taighde an scoláire.
- I bhformhór suntasach cásanna bhí cáilíocht an chur i láthair de chaighdeán ard agus d'úsáid iarrthóirí raon cineálacha cur i láthair lena n-áirítear graif, cuair, agus táblaí a cuireadh i láthair go soiléir agus a raibh lipéid chruinne agus iomchuí orthu.
- I roinnt cásanna, sa roinn conclúide, cuireadh i láthair líne fiosrúcháin nua, ag teacht ón anailís ar an taighde.
  Léirigh sé sin rannpháirteachas cuimsitheach an iarrthóra lena dtorthaí taighde.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Tá laghdú beag tagtha ar líon na scoláirí a dhéanann staidéar ar Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta le cúig bliana anuas.
- Bíonn deiseanna éagsúla ag na scoláirí chun dul i ngleic le foghlaim a bhaineann le heacnamaíocht ar fud na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí.
- Cuireann Gnó na Sraithe Sóisearaí deiseanna sonracha ar fáil le haghaidh leanúnachas agus dul chun cinn maidir le tuiscint an scoláire ar fhoghlaim ar bhonn fiosraithe a bhaineann leis an Ardteistiméireacht a fhorbairt, chomh maith le scileanna a bhaineann le smaointeoireacht chriticiúil a neartú.

- Tugtar le fios i nóta faisnéise an Phríomhscrúdaitheora go bhfuil réimse leathan cleachtais éifeachtacha i seomraí ranga Eacnamaíochta ó tugadh isteach sonraíocht 2019. Áirítear orthu sin foghlaim atá dírithe ar an scoláire agus foghlaim ar bhonn fiosraithe a chur chun cinn, obair thaighde a chomhtháthú i bhfoghlaim ábhair, agus deiseanna a chur ar fáil do scoláirí chun a gcuid taighde agus anailís sonraí féin a phleanáil, a dhearadh agus a chur i gcrích.

## 3. Léargas ó chuairteanna ar scoileanna

Reáchtáladh cuairteanna scileanna mar chuid den obair mheasta don Scrúdpháipéar seo. Roghnaíodh sampla ionadaíoch ó 25 scoil a léirigh spéis i bpáirt a ghlacadh sna forbairtí i bhforbairtí curaclaim Eacnamaíochta. Roghnaíodh 6 scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl i mí Bealtaine 2025 agus bhí cruinnithe fócasghrúpa i gceist le 39 scoláire sa tsraith shinsearach, seachtar múinteoirí Eacnamaíochta agus ceithre cheannaire scoile dhéag. Sa chuid seo a leanas soláthraítear forléargas ar an léargas a bailíodh ó na cuairteanna sin.

**Soiléireacht chun tacú le pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim**
Bhain ceann de na hábhair imní is suntasaí a léirigh múinteoirí le soiléireacht sa tsonraíocht. Bíodh is gur maith le múinteoirí an chuid is mó de na réimsí atá leagtha amach sna torthaí foghlama agus go gcuireann siad fáilte rompu, braitheann siad go bhfuil sé deacair a chinneadh cathain a bhaineann scoláirí torthaí foghlama amach. Chuir siad an tuairim in iúl freisin gur féidir leis seo bheith débhríoch agus go bhfuil dúshláin ag baint leis d'ullmhú scrúdaithe. Dá thoradh sin, bíonn ró-spleáchas ar théacsleabhair (agus iar-scrúdpháipéir) ar mhaithe le soiléireacht agus go bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leis an iomarca sonraí nó gan dóthain sonraí a thabhairt le réimsí áirithe foghlama chun a chinntiú go bhfuil na scoláirí ullmhaithe mar ba cheart. D'fháiltigh múinteoirí roimh an tsoiléireacht atá anois mar chuid den teimpléad curaclaim athdheartha agus cur chuige an dá cholún go háirithe, ina dtugtar tuilleadh scaflála do na torthaí foghlama. I gcásanna go leor, thug múinteoirí le fios go bhfreagródh an cineál sin scaflála ar thorthaí foghlama i sonraíocht athbhreithnithe Eacnamaíochta don imní maidir le soiléireacht.

**Taithí ar theagasc agus foghlaim in Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta**
D'fháiltigh múinteoirí roimh thabhairt isteach shonraíocht athbhreithnithe 2019. D'aithin siad go raibh athrú ag teastáil san ábhar, agus tá go leor gnéithe den tsonraíocht reatha a bhfuil meas acu orthu agus a dtaitníonn a scoláirí foghlaim fúthu. Feiceann scoláirí agus múinteoirí araon na tairbhí a bhaineann le cineál praiticiúil agus feidhmeach na foghlama san ábhar. Aithníonn an dá ghrúpa freisin, mar eolaíocht shóisialta, go bhfaigheann scoláirí tairbhe ó chur chuige fiosrúcháin le foghlaim a chothaíonn nuálaíocht, cruthaitheacht agus smaointeoireacht chriticiúil. Thug scoláirí le fios go sonrach go mbaineann siad taitneamh as foghlaim nuair atá sí ábhartha, agus nuair is féidir a gcuid eolais a chur i bhfeidhm ar imeachtaí laethúla ina gcomhthéacs áitiúil agus sa saol mórthimpeall orthu.

Bhí comhaontú láidir ó gach múinteoir agus scoláire gur cheart go mbeadh eacnamaíocht iompraíochta agus déimeagrafaic san áireamh i sonraíocht nua. Dúirt scoláirí agus múinteoirí araon nach luaitear go sonrach iad in aon torthaí foghlama, cé go bhfuil siad go lárnach i dteagasc, foghlaim agus measúnú na sonraíochta. Dúirt scoláirí go dtaitníonn sé foghlaim maidir le tionscnaimh rialtais atá ag tabhairt aghaidh ar ghnéithe den eacnamaíocht iompraíochta, ag iarraidh iompar shaoránaigh an stáit a athrú. Thug na scoláirí an cháin siúcra agus an scéim éarlaise agus aisíoca mar shamplaí.

Tugadh faoi deara nach bhfuil aon nascadh smaointeoireacht staraithe eacnamaíocha le beartais eacnamaíochta sa tsonraíocht reatha agus go bhféadfadh sonraíocht athfhorbartha aghaidh a thabhairt ar nascadh smaointeoireacht staraithe le beartas ach trí lionsa eacnamaíoch seachas ceann stairiúil. Dhá réimse eile a luadh a bheith in easnamh ar an tsonraíocht reatha is ea an dul

chun cinn agus an fás in airgeadraí digiteacha agus cuideachtaí teicneolaíochta airgeadais freisin agus go bhféadfaí machnamh a dhéanamh ar an dá cheann lena n-áireamh sa tsonraíocht athfhorbartha. I measc ábhair imní eile a luaigh múinteoirí agus scoláirí araon ba ea an easpa soiléireachta i dtéarmaí réimsí foghlama sa tsonraíocht reatha amhail bearta ioncam náisiúnta, buntáiste comparáideach agus iomaíoch, tosca táirgthe, agus leaisteachas.

Bhí comhthoil ó fhormhór múinteoirí agus scoláirí araon go bhfuil an leibhéal matamaitice atá sa tsonraíocht faoi láthair leordhóthanach agus nár cheart é a ardú. Ceapadh gur chabhraigh sé seo go mór le dul i ngleic le haon mhíthuiscintí maidir le deacracht an ábhair agus maidir leis an leibhéal matamaitice a theastaíonn chun staidéar a dhéanamh ar an ábhar.

**Scileanna taighde agus anailíse sonraí a fhorbairt in Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta**

Faoi láthair éilíonn an staidéar taighde ar scoláirí tabhairt faoi líne fiosrúcháin aonair bunaithe ar an treoir bhliantúil a eisíonn CSS. Tugtar le fios i dTreoirlínte CNCM chun tacú leis an staidéar taighde go dtugtar deis do scoláirí taighde agus anailís a dhéanamh ar shaincheist, ar fhadhb nó ar cheist eacnamaíoch, chun measúnú agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin; rud a léiríonn gur féidir leo taighde a dhéanamh ar fhaisnéis agus sonraí atá ábhartha bríoch agus iad a phróiseáil. Is féidir le scoláirí coincheapa, samhlacha agus teoiricí a chur i bhfeidhm sa mheastóireacht ar fhaisnéis agus ar shonraí chun tuiscint a léiriú agus tátal eolach a bhaint astu.

Téama athfhillteach a luaigh múinteoirí le linn cuairteanna scoile ba ea an easpa scileanna taighde a bhí ag scoláirí nuair a bhí taighde ar siúl don tionscadal. Thug múinteoirí faoi deara nach bhfuil a fhios ag scoláirí ar an gcéad dul síos conas a dtaighde a bheachtú, agus ar an dara dul síos nach bhfuil a fhios acu conas a dtaighde a bheachtú ina líne fiosrúcháin. Labhair scoláirí faoin ábhar imní céanna agus go leor díobh ag lua nach raibh muinín acu agus taighde á dhéanamh acu. Tharraing múinteoirí aird freisin ar an easpa scileanna anailísithe sonraí i measc scoláirí. Luaigh siad go raibh scoláirí in ann teacht ar mhéideanna ollmhóra sonraí. É sin ráite, ní raibh na scileanna riachtanacha acu chun anailís, beachtú, agus atáirgeadh a dhéanamh ar na sonraí sin lena chinntiú go raibh siad ábhartha dá líne fiosrúcháin. Go sonrach, luadh nach raibh na scileanna digiteacha riachtanacha ag scoláirí chun scaipeadh, sintéisiú agus eolas a bhaint as sonraí reatha chun graif, cairteacha agus cuair a athchruthú chun aghaidh a thabhairt ar a líne fiosrúcháin.

**An Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB)**

Rinneadh go leor plé ar an CMB i dtéarmaí an chaoi a bhféadfadh sé forbairt mar CMB le hualú 40%. Leagadh béim sna cuairteanna scoile ar go leor gnéithe den chomhpháirt reatha ar cuireadh fáilte rompu: tionscadal taighde scoláire. Luaigh múinteoirí agus scoláirí gur cheadaigh an tionscadal do scoláirí a gcuid eolais agus scileanna a thaispeáint agus chun cuid dá marcanna a fháil sula ndéanann siad scrúdú na hArdteistiméireachta. Bhí tuairimí dearfacha ann faoin treoir a tairgeadh do scoláirí trí threoirlínte CNCM agus na mionsonraí a ghabhann leis an Treoir Eacnamaíochta a eisíonn CSS go bliantúil. Is iondúil go bhfáiltíonn scoláirí agus múinteoirí roimh uainiú eisiúint na Treorach (ag tús Mheán Fómhair sa 6ú bliain), an fad ama lena cur i gcrích agus an spriocdháta (ar iondúil gurb é deireadh théarma 1 den 6ú bliain é). Luaigh roinnt múinteoirí agus scoláirí gur mhaith leo go mbeadh tuilleadh neamhspleáchais ag scoláirí i dtaobh na roghanna topaice ar a ndéanann siad a gcuid taighde. Dúirt scoláirí gur mhaith leo roghnú chun taighde a dhéanamh ar ghné nó topaic san Eacnamaíocht atá ábhartha dóibhsean. D’fháiltigh formhór na múinteoirí agus scoláirí roimh an méadú ó 20% go 40% don CMB, ach dúirt siad nár cheart go mbeadh méadú san ualach oibre ina theannta seo.

D'ardaigh ceannairí scoile, múinteoirí agus scoláirí i roinnt scoileanna imní ghinearálta maidir le rochtain ar ardáin dhigiteacha. Tá éilimh mhóra sna scoileanna áirithe sin cheana féin ar sheomraí ríomhaire/tralaithe ríomhaire teoranta atá ar fáil dóibh faoi láthair. Dúirt siad go bhfuil éileamh ann cheana ó scoláirí atá i mbun MRBanna sa tSraith Shóisearach, scoláirí IB, scoláirí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) agus na hábhair ina bhfuil comhpháirt ríomhairebhunaithe cheana. Ardaíodh imní freisin maidir le dúshláin fhéideartha amach anseo i gcás go leor CMBanna agus gá ag scoláirí rochtain a fháil ar ghaireas digiteach chun iad a chur i gcrích.

D'ardaigh ceannairí scoile agus múinteoirí araon an cheist maidir leis an intleacht shaorga (IS) ghiniúnach i ngach scoil. Chuir múinteoirí an-chuid imní in iúl maidir le fíordheimhniú obair scoláirí. Labhair ceannairí scoile faoin imní a bhí orthu dá múinteoirí atá ag déileáil le hobair scoláirí agus IS giniúnach.

**Ábharthacht agus mealltacht an ábhair**
Roghnaíonn scoláirí Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta ar chúiseanna éagsúla. Chuir roinnt scoláirí spéis san ábhar trína bheith nochta do ghnéithe den Eacnamaíocht i nGnó na Sraithe Sóisearaí, modúil IB agus comórtais amhail YEOTY (Eacnamaí Óg na Bliana). Ceapann roinnt scoláirí go bhfuil Eacnamaíocht tábhachtach i gcomhair raon conairí amach anseo agus thug formhór scoláirí le fios go raibh staidéar á dhéanamh acu ar ábhar gnó eile amhail Cuntasaíocht nó Gnó agus luaigh líon beag scoláirí go raibh na trí ábhar á staidéar acu. Tugadh faoi deara le linn gach cuairt scoile go raibh paisean ag na scoláirí ar fad don ábhar agus go raibh siad sásta gur roghnaigh siad é mar cheann dá n-ábhair roghnacha Ardteistiméireachta. Luaigh formhór na scoláirí go raibh súil acu staidéar a dhéanamh ar an Eacnamaíocht ar bhealach éigin ina gcuid staidéar amach anseo. Cé gur thug na scoláirí eile le fios cé nach raibh sé i gceist acu tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an ábhar, go bhfuair siad go leor scileanna saoil ó staidéar a dhéanamh ar an ábhar. Dúirt siad go mbeidís in ann anailís a dhéanamh ar chinntí rialtais, iad a thuiscint agus iad a mhíniú trína nascadh le beartas rialtais. I ngach scoil moladh gur féidir go mbeadh míthuiscintí i measc scoláirí go bhfuil béim shuntasach ar an matamaitic i sonraíocht na hEacnamaíochta, a d'fhéadfadh cur as do roinnt scoláirí. Bhí scoláirí Eacnamaíochta sásta leis an leibhéal matamaitice a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an Eacnamaíocht faoi láthair agus mhol siad nár cheart an ghné sin den chúrsa a mhéadú.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Creideann múinteoirí agus scoláirí araon go dteastaíonn tuilleadh scafléla ó scoláirí maidir le taighde a dhéanamh agus iad a ullmhú don tionscadal taighde scoláire lena n-áirítear an gá chun foghlaim conas sonraí a bheachtú, iad a scagadh ina líne fiosrúcháin chiallmhar agus inbhainistithe agus an gá le fios a bheith acu conas faisnéis a bhaint as sonraí chun graif, cairteacha agus cuair a atáirgeadh. Anuas air sin, creideann múinteoirí go dteastaíonn tuilleadh tacaíochta ó scoláirí chun anailís a dhéanamh ar shonraí.
- Tá tóir ar Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta mar gheall ar a hábharthacht phraiticiúil, a foghlaim ar bhonn fiosraithe agus na deiseanna a thugann an CMB. Téann scoláirí i ngleic leis an ábhar bunaithe ar a gcúlra, a naisc choincheapúla le hábhair eile, agus mar mhodhanna le tabhairt faoi raon éagsúil conairí amach anseo.

- Tá imní ar mhúinteoirí faoi shoiléireacht agus chuirfidís fáilte roimh scafláil bhreise ar thorthaí foghlama atá ailínithe le foirm theicniúil na sonraíochtaí a athfhorbraíodh le déanaí.
- Ba cheart Eacnamaíocht iompraíochta, airgeadraí digiteacha agus teicneolaíocht airgeadais a leabú i bhfoghlaim sonraíochta athfhorbartha.
- Bhainfeadh scoláirí tairbhe as teagmháil níos doimhne le téamaí trasghearrtha agus bhainfidís taitneamh as foghlaim san Eacnamaíocht atá praiticiúil ábhartha.
- Fáiltíonn formhór na scoláirí agus na múinteoirí roimh an aistriú chuig CMB le hualú íosta de 40%, ach creideann siad nár cheart gurb ionann é sin agus ualach oibre méadaithe.

# 4. Treochtaí idirnáisiúnta san oideachas Eacnamaíochta

Sa chuid seo déantar machnamh ar an tírdhreach oideachais Eacnamaíochta go hidirnáisiúnta. Athbhreithniú ar oideachas Eacnamaíochta meánscoile sinsearaí i roinnt mhaith dlínsí: Is iad an India, Albain, Sasana agus Tuaisceart Éireann na príomhlimistéir staidéir laistigh de na curaclaim ar fud na cruinne agus cuireann siad roinnt peirspictíochtaí ar fáil ar struchtúir curaclaim Eacnamaíochta sa mheánscoil shinsearach chomh maith le cuir chuige maidir le measúnú. Roghnaíodh na dlínsí seo le hathbhreithniú mar go dtugann siad léargais ar ghnéithe den Eacnamaíocht a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an Eacnamaíocht in Éirinn agus/nó a gcur chuige le measúnú ar fhoghlaim scoláire.

## An India

Cúrsa dhá bhliain is ea an Teastas Meánscoile Ardleibhéal (HSC) a dhéanann scoláirí i mBlianta 11 agus 12 den oideachas meánscoile a roghnaíonn fanacht ar scoil tar éis dóibh an Teastas Meánscoile (SSC) a bhaint amach ag deireadh Bhliain 10. Déanann na boird stáit faoi seach an HSC a reáchtáil ar fud na tíre, agus tá an curaclam deartha chun ardoideachas agus eolas a chur ar scoláirí sa réimse staidéir a roghnaíonn siad. Roghnaíonn scoláirí ó réimse sruthanna lena n-áirítear eolaíocht, ealaíona agus tráchtáil agus is gá dóibh ábhair ar leith a ghlacadh bunaithe ar an sruth a roghnaíonn siad.  Is féidir staidéar a dhéanamh ar Eacnamaíocht HSC mar chuid den sruth tráchtála, lena n-áirítear freisin ábhair amhail Cuntasaíocht, Tráchtáil, an Mhatamaitic Tráchtála, Gnó Dlíthiúil agus Staidéar Gnó HSC.

Tá struchtúr an ábhair i mBliain 11, an chéad bhliain den HSC dhá bhliain, bunaithe ar dhá thopaic – forbairt eacnamaíoch na hIndia agus Tús eolais ar staitisticí:

- Áirítear ar fhorbairt eacnamaíoch na hIndia: forbairt eacnamaíoch agus fás eacnamaíoch; cáilíocht an tsaoil dhaonna (áirítear anseo innéacs cháilíocht an tsaoil fhisiciúil agus an t-innéacs um fhorbairt dhaonna); mórdhúshláin do gheilleagar na hIndia (daonra, bochtaineacht, dífhostaíocht); athchóirithe eacnamaíocha ó 1991 (liobrálú, príobháidiú, domhandú); pleanáil eacnamaíoch (brí agus cuspóirí agus an deichiú plean cúig bliana); forbairt bhonneagair san India.
- Áirítear i dTús eolais le staitisticí: tús eolais le staitisticí; bailiú agus eagrú sonraí; cur i láthair grafach sonraí; tomhais a bhaineann le lárchlaonadh – meán, airmheán, agus modh; innéacsuimhreacha.

I mBliain 12, an bhliain deiridh den HSC, tá an t-ábhar struchtúrtha timpeall ar an dá phríomhthéama de mhicreacnamaíocht agusmaicreacnamaíocht:

- Áirítear i micreacnamaíocht tú eolais le micreacnamaíocht; iompraíocht tomhaltóirí; anailís ar éileamh agus leaisteachas éilimh; anailís ar sholáthar; cineálacha margaidh agus cinneadh praghais faoi iomaíocht fhoirfe; tosca táirgthe.
- Áirítear imaicreacnamaíocht : tús eolais lemaicreacnamaíocht; ioncam náisiúnta; cinntithigh comhiomlán; airgead; baincéireacht tráchtála; baincéireacht cheannais; eacnamaíocht phoiblí.

Sa mheasúnú ar Shiollabas Eacnamaíochta HSC a chuireann Bord HSC Maharashtra ar fáil clúdaítear an siollabas ar fad agus áirítear ann scrúdú, ar fiú 80 as na 100 mharc atá ar fáil é agus

tionscadal/tasc a ndéantar measúnú air go hinmheánach, ar fiú 20 marc é. Dírítear sa scrúdú ar croí-thopaicí amhail micreacnamaíocht agus maicreacnamaíocht, anailís áirgiúlacht, leaisteachas éilimh, anailís soláthair, agus ioncam náisiúnta, mar shampla, agus is iondúil go mbíonn meascán de cheisteanna teoiriciúla agus feidhmeacha. Áirítear sa scrúdú 3 uair an chloig meascán de cheisteanna ilrogha, gearrfhreagra agus aiste.

Leagtar amach topaicí samplacha don tionscadal/tasc sa siollabas. Cuirtear ar fáil iad mar threoir amháin agus is faoi scoláirí aonair é topaicí ar leith a roghnú, arna roghnú le treoir óna múinteoir. I measc na dtopaicí samplacha sa doiciméad siollabais tá: scoláirí ag tabhairt cuairt ar thionscal baile chun faisnéis a bhailiú maidir lena ioncam agus caiteachais; cairt a fhorbairt maidir le háirgiúlacht imeallach agus iomlán tráchtearra; staidéar comparáideach ar na sceidil éilimh aonair d'aon tráchtearra amháin idir dhá theaghlach; anailís ar na hathruithe ar éileamh agus soláthar m.sh. cruithneacht i siopa grósaera thar thréimhse cúig mhí; anailís ar athruithe i mbeartais an Reserve Bank of India.

Maidir le gach ábhar HSC a chuireann Bord HSC Maharashtra ar fáil, ní mór do scoláirí marc 35 faoin gcéad a bhaint amach chun pas a fháil. Baineann an marc pas 35 faoin gcéad leis an scrúdú agus le haon chomhpháirt phraiticiúil/taisc/tionscadail.

## Albain

Is iondúil go dtógann scoláirí in Albain ceithre nó cúig ábhar dá nArdscrúduithe (Highers), atá dírithe ar scoláirí ar mian leo leanúint lena mbreisoideachas san ollscoil. Téann go leor scoláirí ar aghaidh ansin chun trí cinn de na hábhair a dhéanamh don dara bliain staidéir don Sár-Ardleibhéal (Advanced Highers). Táthar ag súil go mbeidh an cúrsa Eacnamaíochta National 5 (nó cáilíochtaí agus/nó taithí choibhéiseach) bainte amach ag na scoláirí meánscoile sinsearaí sula gcuirfidh siad tús leis an gcúrsa, cé go bhfuil iontráil faoi rogha na scoile nó an choláiste. Is iondúil go ndéantar na National 5s ar chríochnú an dá bhliain deiridh den mheánoideachas éigeantach, ag thart ar aois 16.

Is é is aidhm don chúrsa Eacnamaíochta Ardleibhéal de chuig Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA) cabhrú le scoláirí léirthuiscint a fhorbairt ar an gcaoi a n-oibríonn margaí agus rialtais, agus conas a dhéanann cinntí a ghlactar sna comhthéacsanna eacnamaíocha sin difear don saol laethúil. Dírítear ann ar an gcumas a fhorbairt le smaoineamh go loighciúil agus chun machnamh a dhéanamh ar na cúiseanna le cinntí agus beartais eacnamaíocha agus na tionchair a bhíonn acu, agus cabhraíonn sé le scoláirí tuiscint a fháil ar phríomhchoincheapa na heacnamaíochta agus iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna fíorshaoil. Tarraingítear aird sa chúrsa ar an tábhacht a bhaineann le coincheapa eacnamaíocha, beartais rialtais agus trádáil dhomhanda, ag cur le heispéiris na scoláirí mar thomhaltóirí chun cuidiú leo cásanna eacnamaíocha a léirmhíniú trí na coincheapa sin a chur i bhfeidhm. Tugann sé deis dóibh anailísiú, léirmhíniú, tuar agus míniú a dhéanamh ar ghníomhartha daoine aonair, gnólachtaí agus rialtais i gcásanna éagsúla eacnamaíocha, agus tá sé mar aidhm leis cabhrú leo tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi a n-oibríonn margaí; an chaoi a ndéanann rialtais iarracht aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna eacnamaíocha; agus conas anailísiú agus léirmhíniú a dhéanamh ar fhaisnéis eacnamaíoch agus í a chur in iúl.

Déanann scoláirí tasc ar fiú 30 marc é (25% de na marcanna iomlána ar fáil). Is é is aidhm dó deis a thabhairt do scoláirí a gcumas a léiriú chun topaic nó saincheist eacnamaíoch reatha iomchuí a roghnú; faisnéis/fianaise a bhailiú maidir le comhthéacs an taisc, ó raon foinsí; coincheapa agus teoiricí eacnamaíocha ábhartha a chur i bhfeidhm ar chomhthéacs an taisc; anailísiú agus measúnú

a dhéanamh ar shonraí/faisnéis eacnamaíoch; tátail agus/nó moltaí bailí a bhfuil údar leo a dhéanamh bunaithe ar shonraí, coincheapa agus fianaise eacnamaíoch; réasúnaíocht agus tátail agus/nó moltaí eacnamaíocha a chur in iúl; agus tuarascáil eacnamaíochta a tháirgeadh a bhaineann le comhthéacs an taisc, ag úsáid na gceannteideal a thugtar. Tá an tuarascáil bunaithe ar anailís ar na torthaí taighde. Roghnaíonn scoláirí topaic nó saincheist don tasc agus táthar ag súil go spreagfaidh múinteoirí iad chun teideal na tuarascála a chur mar cheist. Leagann an SQA amach an tasc, arna dhéanamh ar scoil faoi roinnt maoirseachta agus rialaithe, agus cuirtear isteach chuig an SQA é lena mharcáil go seachtrach. Déanann scoláirí é ar bhonn aonair, agus is gá taighde, bailiú agus anailís sonraí a dhéanamh go neamhspleách. Tarlaíonn taighde deisce ar scoil, ach is féidir taighde deisce a dhéanamh lasmuigh de shuíomh an tseomra ranga. Táthar ag súil go gcuirfidh múinteoirí sásraí i bhfeidhm chun fianaise agus/nó taighde scoláire nach ndéantar i suíomh an tseomra ranga a fhíordheimhniú, m.sh. trí chruinnithe seiceála rialta; agallaimh spotseiceála ghearra; nó seicliostaí ina dtaifeadtar gníomhaíocht/dul chun cinn. Is féidir leo cúnamh réasúnta a thabhairt do scoláirí, lena n-áirítear treoracha nó riachtanais an taisc a shoiléiriú; comhairle a thabhairt ar thopaic nó saincheist oiriúnach nó ar infhaighteacht dhóchúil agus inrochtaineacht acmhainní don topaic nó saincheist roghnaithe; nó comhairle a thabhairt ar an gcaoi is fearr le struchtúr a chur ar an tuarascáil eacnamaíochta.

Is é is aidhm an chúrsa scileanna (tras-scileanna) a fhorbairt sa litearthacht (scríbhneoireacht); uimhearthacht (láimhseáil faisnéise); infhostaitheacht, fiontar agus saoránacht (infhostaitheacht, saoránacht); agus scileanna smaointeoireachta (tuiscint, cur i bhfeidhm, anailísiú agus measúnú) a fhorbairt atá bunaithe ar an gCreat Scileanna SQA: (Scileanna don Fhoghlaim, Scileanna Saoil agus Scileanna don Obair). Táthar ag súil go dtógfaidh múinteoirí ar na scileanna sin isteach sa chúrsa ag leibhéal iomchuí. Is é is aidhm an chúrsa scileanna (tras-scileanna) a fhorbairt sa litearthacht (scríbhneoireacht); uimhearthacht (láimhseáil faisnéise); infhostaitheacht, fiontar agus saoránacht (infhostaitheacht, saoránacht); agus scileanna smaointeoireachta (tuiscint, cur i bhfeidhm) áit ar bith a bhfuil deiseanna oiriúnacha.

Tá ábhar an chúrsa bunaithe ar na trí réimse staidéir seo a leanas:

- D'eacnamaíocht an mhargaidh – díríonn scileanna, eolas agus tuiscint ar an méid seo a leanas: an fhadhb eacnamaíochta; léaráidí féidearthacht táirgthe; teoiric an éilimh; cinntithigh éilimh; leaisteachas praghais éilimh (PED); teoiric an tsoláthair; cinntithigh sholáthair; margaí; táirgeadh; costais; struchtúir mhargaidh; idirghabháil margaidh.
- Do ghníomhaíocht eacnamaíoch an RA – díríonn scileanna, eolas agus tuiscint ar an méid seo a leanas: maoiniú rialtais; aidhmeanna rialtais; beartas rialtais; ioncam náisiúnta; áit na hAlban i ngeilleagar an RA.
- Do ghníomhaíocht eacnamaíoch dhomhanda – díríonn scileanna, eolas agus tuiscint ar an méid seo a leanas: tuiscint a fháil ar thrádáil dhomhanda; cuideachtaí ilnáisiúnta; rátaí malairte; comhardú íocaíochtaí; tuiscint ar thionchar an gheilleagair dhomhanda.

## Sasana

Is iondúil go dtógann scoláirí san oideachas meánscoile sinsearaí i Sasana trí ábhar A-leibhéil (ach is féidir leo suas le cúig cinn a thógáil). Foghlaimíonn na scoláirí a roghnaíonn chun A-Leibhéal Eacnamaíochta a dhéanamh, a chuireann an comhlacht dámhachtana Assessment and Qualifications Alliance (AQA) ar fáil, foghlaimíonn siad conas teoiric eacnamaíochta a chur i bhfeidhm chun tacú le hanailís ar fhadhbanna agus saincheisteanna eacnamaíocha reatha, agus

chun léirthuiscint a fháil ar na hidirghaolmhaireachtaí idir micreacnamaíocht agus maicreacnamaíocht. Dírítear sa tsonraíocht Eacnamaíochta AS agus A-Leibhéal AQA ar an teoiric eacnamaíochta a chur i bhfeidhm chun tacú le hanailís ar fhadhbanna agus saincheisteanna eacnamaíocha reatha; scoláirí a spreagadh chun léirthuiscint a fháil ar na hidirghaolmhaireachtaí idir micreacnamaíocht agus maicreacnamaíocht; agus tuiscint a fhorbairt ar an iompraíocht eacnamaíoch ar féidir staidéar a dhéanamh uirthi ó raon peirspictíochtaí. Is é is aidhm dó eolas agus scileanna fíorshaoil a fhorbairt chun scoláirí a chumasú le sonraí a thuiscint agus a anailísiú, smaoineamh go criticiúil faoi shaincheisteanna agus cinntí eolasacha a dhéanamh, cur lena scileanna cainníochtúla fad is go bhfuil tuiscint acu go bhfuil fianaise cháilíochtúil agus chainníochtúil tábhachtach agus argóintí á meas. Anuas ar an Eacnamaíocht AS agus A Leibhéal, cuireann AQA GCSE ar fáil san Eacnamaíocht do scoláirí a bhfuil oideachas meánscoile sóisearaí á dhéanamh acu.

Leagtar amach an t-ábhar i sonraíocht AS agus A-leibhéal Eacnamaíochta AQA ar leithligh don AS agus A-leibhéal, mar gheall go bhfuil siad ar fáil mar cháilíochtaí astu féin is féidir a theagasc le chéile nó go neamhspleách óna chéile. Clúdaíonn an t-ábhar don AS Leibhéal de bhliain amháin dhá shnáithe ábhair, a bhfuil raon fothopaicí i ngach ceann:

- Oibriú margaí agus teip margaidh: clúdaíonn sé seo modheolaíocht eacnamaíoch agus an fhadhb eacnamaíoch; cinneadh praghais i margadh iomaíoch; táirgeadh, costais agus ioncam; margaí iomaíocha agus comhchruinnithe; sásra an mhargaidh, teip margaidh agus idirghabháil rialtais i margaí.
- An geilleagar náisiúnta i gcomhthéacs domhanda: clúdaíonn sé tomhas na feidhmíochta maicreacnamaíochta; an chaoi a n-oibríonn an mhaicreacnamaíocht; feidhmíocht eacnamaíoch; beartas maicreacnamaíoch.

Tá dhá shnáithe ábhair chomhchosúla, a chlúdaíonn raon fothopaicí san ábhar don A-leibhéal iomlán, dhá bhliain:

- Daoine aonair, gnólachtaí, margaí agus teip margaidh: clúdaíonn sé an fhadhb eacnamaíoch agus modheolaíocht eacnamaíoch; cinnteoireacht eacnamaíoch aonair; cinneadh praghais i margadh iomaíoch; táirgeadh, costais agus ioncam; iomaíocht fhoirfe, margaí iomaíocha go neamhfhoirfe agus monaplacht; an margadh saothair; dáileadh ioncaim agus saibhris; bochtaineacht agus éagothroime; sásra an mhargaidh, teip margaidh agus idirghabháil rialtais i margaí.
- An geilleagar náisiúnta agus idirnáisiúnta: clúdaíonn sé tomhas na feidhmíochta maicreacnamaíochta; an chaoi a n-oibríonn an mhaicreacnamaíocht; feidhmíocht eacnamaíoch; margaí airgeadais agus beartas airgeadaíochta; beartas fioscach agus beartais ar an taobh soláthair, an geilleagar idirnáisiúnta. Dírítear freisin ar thuiscint ar éabhlóid na teoirice ó Keynes, duine de na fealsaimh cheannasacha i scoileanna smaointeoireachta eacnamaíochta. Foghlaimíonn scoláirí faoi chinntithigh Soláthar Comhiomlán (AS) fadtréimhseach le fócas iomlán ar an gCuar AS Keyneseach.

Déantar measúnú don Eacnamaíocht AS agus A-leibhéal AQA trí scrúdú scríofa éigeantach amháin. Éilítear i gCoinníollacha Leibhéal Ábhair Ofqual freisin gur gá d'eagraíochtaí dámhachtana, amhail an AQA, a chinntiú go ndéantar measúnú ar scileanna matamaitice scoláirí ag leibhéal iomchuí trasna na gcuspóirí measúnaithe don Eacnamaíocht. Is é an t-ualú scileanna matamaitice a theastaíonn 15 faoin gcéad ar a laghad do cháilíochtaí AS agus 20 faoin gcéad ar a laghad do cháilíochtaí A-leibhéal.

## Tuaisceart Éireann

Cuireann an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM) cáilíochtaí ar fáil san Eacnamaíocht ag Teastas Ginearálta an Mheánoideachais (TGM) arb é an chríoch le hoideachas meánscoile éigeantach é ag aois 16 bliana i dTuaisceart Éireann. Cuireann siad cáilíochtaí Eacnamaíochta GCE ar fáil freisin ag caighdeáin AS agus A-leibhéal. Déantar an AS tar éis an chéad bhliain den chúrsa (ag aois timpeall 17) agus an A-leibhéal ag deireadh an chúrsa dhá bhliain ag aois timpeall 18.
Tá sé i gceist go dtaitneoidh an Eacnamaíocht in dTuaisceart Éireann leo siúd a bhfuil spéis acu tuilleadh a fhoghlaim faoi iompraíocht an duine, agus an chaoi a ndéanann daoine aonair agus grúpaí daoine roghanna maidir lena n-acmhainní teoranta a bhainistiú. Cé gur gnéithe tábhachtacha den eacnamaíocht iad airgead, gnó agus an stocmhargadh, pléitear sna cúrsaí i dTuaisceart Éireann freisin le saincheisteanna sóisialta agus comhshaoil níos leithne lena n-áirítear athrú aeráide, domhandú, forbairt inbhuanaithe, agus dáileadh ioncaim agus saibhris. Is é is aidhm staidéar na hEacnamaíochta i dTuaisceart Éireann scoláirí a chumasú chun raon scileanna praiticiúla inaistrithe a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe dóibh san oideachas agus i saol na hoibre. Áirítear orthu seo fiosrúchán criticiúil, smaointeoireacht anailíseach, cumarsáid ó bhéal agus scríofa, uimhearthacht, taighde, TFC agus láimhseáil sonraí.

Cúrsa eolaíocht shóisialta is ea Eacnamaíocht GCE ina n-ionchorpraítear matamaitic agus staitisticí. Tugann sé léargas ar iompair a imríonn tionchar ar ioncam, saibhreas agus folláine agus clúdaíonn sé an nasc leis na heolaíochtaí fisiciúla, polaitíocht, dlí agus tíreolaíocht, agus saincheisteanna eacnamaíocha comhaimseartha i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda. Is é is aidhm dó spéis scoláirí san eacnamaíocht agus a ndíograis ina leith a fhorbairt; a léirthuiscint don chaoi a gcuireann an t-ábhar le tuiscint ar an timpeallacht eacnamaíoch agus shóisialta níos leithne; agus a dtuiscint ar raon coincheapa eacnamaíocha agus a gcumas chun na coincheapa sin a úsáid i réimse comhthéacsanna éagsúla. Is é is aidhm dó freisin scoláirí a chumasú chun cur chuige criticiúil a ghlacadh le staidéar ar an eacnamaíocht agus cumas a fhorbairt le smaoineamh mar eacnamaí; chun a thuiscint gur féidir staidéar a dhéanamh ar iompar eacnamaíoch ó raon peirspictíochtaí; agus chun scileanna anailíseacha agus cainníochtúla a fhorbairt.

Tá dhá aonad in AS bliain 1, is iad sin, Margaí agus Teip Margaidh agus an Geilleagar Náisiúnta a Bhainistiú. Tá dhá aonad breise ag scoláirí a leanann chuig A2 (don A-leibhéal iomlán CGE), is iad sin, Eacnamaíocht Ghnó agus An Geilleagar a Bhainistiú i nDomhan Domhanda. Leagtar na haonaid uile amach mar ábhar agus torthaí foghlama.

| Aonad AS 1 – Margaí agus Teip Margaidh | Aonad AS 2 – An Geilleagar Náisiúnta a Bhainistiú |
|---|---|
| 1) Príomhchoincheapa eacnamaíochta<br>2) Bunfhadhb eacnamaíoch an ghanntanais agus na rogha<br>3) Éileamh agus soláthar i margaí táirge<br>4) Margaí agus cothromaíocht<br>5) Leaisteachas éilimh agus soláthair<br>6) Margaí tosca: saothar<br>7) Teipeanna agus fabhtanna margaidh | 1) Sruth ciorclach ioncaim<br>2) Ioncam náisiúnta a thomhas<br>3) Éileamh comhiomlán<br>4) Soláthar comhiomlán<br>5) Cothromaíocht mhaicreacnamaíoch<br>6) Cuspóirí maicreacnamaíocha<br>7) Boilsciú<br>8) Dífhostaíocht |

| | |
|---|---|
| 8) Idirghabháil rialtais i margaí | 9) Fás eacnamaíoch<br>10) Beartas fioscach<br>11) Beartas airgeadais<br>12) Beartais ar an taobh soláthair<br>13) Rátaí malairte |
| Aonad A2 1 – Eacnamaíocht Ghnó<br>1) Gearrthéarmach i gcoinne fadtéarmach<br>2) Cuspóirí gnó<br>3) Fás gnó<br>4) Margaí a thomhas<br>5) Anailísiú ar thodhchaí margaidh<br>6) Iomaíocht fhoirfe<br>7) Monaplacht<br>8) Iomaíocht mhonaplach<br>9) Olagaplacht<br>10) Margaí inchoimhlinte<br>11) Beartas iomaíochais. | Aonad A2 2 – An Geilleagar a Bhainistiú i nDomhan Domhanda<br>1) Trádáil agus domhandú<br>2) Forbairt eacnamaíoch<br>3) Comhardú íocaíochtaí<br>4) Rátaí malairte<br>5) An tAontas Eorpach (AE)<br>6) Beartas airgeadaíochta agus an earnáil airgeadais<br>7) Beartas fioscach<br>8) Beartais agus cuspóirí maicreacnamaíocha sa gheilleagar domhanda |

Déantar measúnú trí scrúdú scríofa amháin, le scrúdú amháin do gach aonad GCE. Déantar measúnú do AS bliain 1 ag caighdeán oiriúnach do scoláirí a bhfuil an chéad bhliain den chúrsa iomlán curtha i gcrích acu. Áirítear sa mheasúnú ar A2 tascanna anailíseacha agus measúnaithe níos deacra, scríbhneoireacht fhadaithe, agus gné den mheasúnú achomair (chun measúnú a dhéanamh ar thuiscint scoláirí ar an ábhar ina iomláine), chomh maith le béim níos mó ar chuspóirí measúnaithe a léiríonn scileanna smaointeoireachta ardoird.

## Achoimre ar an gcuid seo

- Tá an dara comhpháirt mar chuid den mheasúnú ag péire den cheithre dhlínse a ndearnadh taighde orthu (an India agus Albain). San India déantar measúnú inmheánach ar an tionscadal agus is fiú 20% de na marcanna deiridh é. In Albain is fiú 25% de na marcanna deiridh an tionscadal, arna mharcáil ag an SQA.
- In Albain tá an neamhspleáchas ag scoláirí chun topaic nó saincheist a roghnú a bhfuil spéis acu inti dá dtionscadal.
- Rinne na curaclaim iniúchadh ar nasc le foghlaim na scoláirí roimhe sin ó rannpháirtíocht le hábhar an ghnó agus chuir siad leis an bhfoghlaim sin.
- Sna dlínsí a fiosraíodh cuirtear sonraíochtaí meánscoile sinsearaí a bhaineann le heacnamaíocht ar fáil astu féin le cur chuige cosúil leis an gcaoi a gcuirtear eacnamaíocht ar fáil laistigh de chóras oideachais na hÉireann.
- Sna dlínsí uile a scrúdaíodh ar mhaithe leis an gcáipéis eolais seo, dírítear ar fhorbairt scileanna taighde agus anailíse sonraí.
- Go suntasach, leagann sonraíochtaí ceann de na dlínsí béim ar staitisticí agus ar innéacsuimhreacha.
- Ar feadh na ndlínsí bhí coincheap na heacnamaíochta iompraíochta an-soiléir i ngach curaclam.

# 5. Ceisteanna a bhfuil Machnamh le Déanamh Orthu

Sa roinn seo leagtar amach roinnt saincheisteanna chun breithniú a dhéanamh orthu agus sonraíocht nua á forbairt le haghaidh Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta lena chinntiú go bhfanann an curaclam ábhartha agus go mbíonn tionchar aige sa domhan nua-aimseartha. Eascraíonn siad sin as cineál an ábhair féin, agus as tionchar réimse leathan tosca eacnamaíocha agus polaitiúla go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, i dteannta tarraingt ar théamaí a tháinig chun cinn sna ranna thuas den cháipéis eolais seo.

## Acmhainneacht scoláire a fhorbairt sa taighde agus anailís

Nochtadh sna ranna níos luaithe sa pháipéar seo agus sna fócasghrúpaí a rinneadh le linn cuairteanna scoile ábhair imní múinteoirí agus scoláirí araon maidir le forbairt scileanna taighde scoláire ionas gur féidir leo taighde leordhóthanach agus inniúil a dhéanamh ar a líne fiosrúcháin. I bhforbairt na sonraíochta nuaí ba cheart machnamh a dhéanamh ar fhorbairt na scileanna sin de réir a chéile, scileanna atá leabaithe sna príomhinniúlachtaí i Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach agus Bainistiú foghlama agus féinbhainistiú ionas go mbíonn scoláirí inniúil, cumasach agus oilte ag taighde sonraí ach freisin go bhfuil dóthain scileanna acu chun a sonraí uile a bheachtú agus a threorú ina líne fiosrúcháin. I bpáirt leis seo, is gá machnamh a dhéanamh freisin ar scileanna anailíse sonraí scoláirí a fhorbairt. Arís, beidh gá iad sin a fhorbairt le himeacht aimsire agus de réir a chéile fad is a théann scoláirí i ngleic leis an bhfoghlaim a leagtar amach sa tsonraíocht. Fad is a fhorbraítear na scileanna sin beidh gá fiosrú a dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí chun sonraí a chur le chéile, a láimhseáil agus a bhaint chun cairteacha, graif agus cuair a chruthú le fócas ar phríomhinniúlacht na Cumarsáide.

## Fairsinge fhoghlaim na scoláirí agus soiléireacht laistigh den tsonraíocht

Agus an domhan idirnáisiúnta agus dá réir sin an ábhar na hEacnamaíochta fós éiritheach, ag forbairt agus ag athrú, is gá breithniú cúramach a dhéanamh ar fhairsinge na foghlama a leagtar amach sa tsonraíocht. Tá sé ríthábhachtach spéis an scoláire a éascú i réimse leathan topaicí a bhaineann le trasnaíl na heacnamaíochta leis an saol laethúil go háitiúil go náisiúnta, go hidirnáisiúnta agus go domhanda. Bíodh is go bhfuil go leor réimsí a bhaineann le cúrsaí eacnamaíocha ann gan amhras ar féidir le scoláirí foghlaim fúthu, dúshlán amháin a bheidh ann ar an gcéad dul síos don phróiseas athfhorbartha ná teorainneacha na sonraíochta nua a shoiléiriú agus aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na múinteoirí maidir le soiléireacht. Tá tuilleadh dúshlán ag baint leis sin maidir le soiléiriú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar fhairsinge na heolaíochta sóisialta arb í an eacnamaíocht í. Freisin, agus léiriú á dhéanamh ar an eolaíocht shóisialta seo agus a coincheapa, a prionsabail agus a ábhar gaolmhar, tá sé ríthábhachtach príomhinniúlachtaí eolais, scileanna, luachanna agus dearcthaí na sraithe sinsearaí a leabú i bhfoghlaim agus rannpháirteachas na scoláirí leis an ábhar. Tháinig sé chun solais le linn cruinnithe le fócasghrúpaí scoile gur mhaith le múinteoirí soiléireacht i dtorthaí foghlama na sonraíochta nuaí maidir le topaic na hEacnamaíochta Iompraíochta agus soiléireacht i bhfairsinge na foghlama a theastaíonn. Tháinig sé chun cinn freisin go bhfuil fonn ar mhúinteoirí go nascfaí beartais eacnamaíocha le scoil smaointeoireachta eacnamaí ar leith, ach trí lionsa na heacnamaíochta seachas lionsa na staire.

## Ábharthacht agus inbhuanaitheacht na sonraíochta a chinntiú i ndomhan atá ag athrú go tapa

Tá laghdú beag tagtha ar rannpháirtíocht in Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta. Beidh sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a spreagfaidh an tsonraíocht athfhorbartha suim san Eacnamaíocht agus teagmháil léi, rud a fhágfaidh go mbeidh rátaí rannpháirtíochta feabhsaithe ann. Beidh sé tábhachtach cothromaíocht a chothú idir teoiric agus cleachtas, ag cur foghlaim i bhfeidhm leis an ngeilleagar agus an eacnamaíocht go háitiúil, go náisiúnta, go hidirnáisiúnta agus go domhanda. Ó tugadh isteach an tsonraíocht nua in 2019, tá go leor athruithe tarlaithe ar fud an domhain atá tar éis tionchar a imirt ar Éirinn freisin. I sonraíocht nua beidh sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar na forbairtí seo atá éiritheach amhail fás cuideachtaí teicneolaíochta airgeadais agus géarú in airgeadraí digiteacha. San athfhorbairt ar shonraíocht nua agus lena chinntiú go bhfanann an curaclam ábhartha i ndomhan atá ag athrú de shíor, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar na déimeagrafaic ó leibhéal náisiúnta, idirnáisiúnta, agus domhanda. Lena chinntiú go bhfanann an curaclam ábhartha, spleodrach agus go mbíonn tionchar aige ar shaol scoláirí beidh sé tábhachtach a chinntiú gur féidir le scoláirí an teoiric eacnamaíochta ó na torthaí foghlama a cheangal leis an domhan mórthimpeall orthu.

## Measúnú Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta

Deis atá san CMB chun cur leis an gcomhpháirt reatha ag comhtháthú phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí agus forbairt acmhainneacht an scoláire don taighde agus anailís sonraí. Tá éagsúlacht cur chuige measúnaithe le feiceáil feadh na ndlínsí idirnáisiúnta agus péire den cheithre dhlínse ag déanamh tionscadal taighde, ach is léir go bhfuil fócas níos mó ina sonraíochtaí ar na scileanna taighde agus anailíse sonraí.

Léiríonn na léargais ó chuairteanna scoile buntáistí an CMB i dtaca lena éascú do scoláirí a gcuid spéiseanna féin a fhiosrú, a gcuid foghlama a léiriú agus an fhoghlaim ar bhonn fiosraithe a úsáid chun a scileanna criticiúla agus anailíseacha a fhorbairt i gcaitheamh an staidéir. Ach, léiríonn léargais imní freisin maidir leis na dúshláin a mheastar a bheith roimh mhúinteoirí agus scoláirí chun scileanna taighde agus anailíse sonraí a leabú, dúshláin a mbeidh gá aghaidh a thabhairt orthu i sonraíocht athfhorbartha. Beidh sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí an measúnú a chomhtháthú go héifeachtach leis an teagasc agus foghlaim, agus múinteoirí ag pleanáil chun inniúlachtaí scoláirí mar thaighdeoirí neamhspleách a fhorbairt go céimnitheach lena gcumhachtú sa taighde ar thopaicí atá tábhachtach ina saol féin.

## Achoimre ar an gCuid seo

- In athfhorbairt Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, tá sé tábhachtach freagairt do riachtanais na scoláirí agus na múinteoirí amhail forbairt a dhéanamh ar scileanna taighde agus anailíse sonraí scoláirí de réir a chéile.
- Mar gheall go bhfuil an domhan ina gcónaímid ag athrú agus ag éabhlóidiú de shíor is gá machnamh a dhéanamh ar inbhuanaitheacht agus ábharthacht an ábhair i ndomhan atá ag athrú go tapa.

- I sonraíocht athfhorbartha Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta beidh gá machnamh a dhéanamh ar an tóir atá ar an ábhar a leathnú trína chinntiú go ndéanann na curaclaim foráil do bhreithnithe nua agus atá éiritheach i ndomhan na heacnamaíochta.
- I sonraíocht athfhorbartha, caithfear machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí leabaithe i dteagasc agus i bhfoghlaim laethúil sa seomra ranga trí fhorbairt scileanna taighde agus anailíse sonraí a chomhtháthú de réir a chéile agus le himeacht aimsire.

## 6. Treoir don athbhreithniú ar Eacnamaíocht

Bhunaigh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoin tasc a bhain le sonraíocht churaclaim a athfhorbairt le haghaidh Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus faomhann an Chomhairle obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na treorach a leagtar amach thíos.

Dearadh an treoir seo le bheith ina bunús leis an Eacnamaíocht a athfhorbairt. Cé go n-eascraíonn an treoir ón bpríomhléargas agus ó na príomh-shaincheisteanna atá le meas agus a sainaithníodh sna codanna roimhe seo den pháipéar seo, treoraítear í freisin leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt sonraíochtaí d'ábhair uile Thráinse 4 (Aguisín 1).

Beidh an tsonraíocht scoláire-lárnaithe agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta, ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ailínithe go leathan le Leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Beidh sí ar fáil ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon, agus dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad.

Beidh an tsonraíocht ailínithe leis an teimpléad, atá comhaontaithe ag an gComhairle, le haghaidh sonraíochtaí curaclaim mar a leagtar amach in *Foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha* (CNCM, 2023). Beidh Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí leabaithe sna torthaí foghlama.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích faoi R2, 2027.

Le bheith níos sonraíche, tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua aghaidh orthu seo a leanas:

- An chaoi a bhfuil an tsonraíocht ailínithe le treoirphrionsabail na sraithe sinsearaí.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, lena n-áirítear an chaoi chun nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar sa tsraith shóisearach agus in ábhair eile sa tsraith shinsearach agus i modúil eile agus chun cur leis a bhfoghlaim chéanna chomh maith le foghlaim as seo amach sa saol, i staidéar, i gcúrsaí fiontraíochta, i dtraenáil, in ardoideachas, i bprintíseachtaí, i dtréimhsí oiliúna, agus i saol na hoibre.
- An bunús atá le staidéar a dhéanamh ar Eacnamaíocht na sraithe sinsearaí, rud a fhágann go bhfuil sé trédhearcach agus gur léir do scoláirí, do mhúinteoirí, agus do thuismitheoirí cén chaoi a bhféadfaí cur le mealltacht an ábhair.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacaíocht a thabhairt do scoláirí chun tuiscint a fháil ar ábharthacht na heacnamaíochta ina shaol laethúil agus ar ábharthacht agus tábhacht na heacnamaíochta sa 21ú haois agus an chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le forbairt litearthacht eacnamaíoch an scoláire.
- An chaoi le socruithe measúnaithe a fhorbairt atá ailínithe leis na paraiméadair le haghaidh dhearadh na socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 4 (Aguisín 1).

- An chaoi forbairt acmhainneacht scoláire sa taighde agus anailís sonraí a ghlacadh agus a leabú.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht mian a chothú i scoláirí chun patrúin, caidrimh agus prionsabail eacnamaíocha a cheistiú agus a fhiosrú a mbíonn anailís dhomhain, pléití agus díospóireachtaí mar thoradh air maidir le saincheisteanna eacnamaíocha, polaitiúla, sóisialta, agus airgeadais a fhágann lorg ar an timpeallacht eacnamaíoch sa 21ú haois agus céard is brí leis seo do dhaoine aonair, an rialtas, iad siúd atá i ngnó, agus leas ginearálta shaoránach an stáit.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim teanga, a bheith dírithe go mór ar an scoláire agus, fócas soiléir a bheith aici ar an gcaoi a bhforbraíonn agus a dtaispeánann na scoláirí a gcuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta.
- An chaoi le tógáil ar an gcleachtas measúnaithe reatha chun roinnt deiseanna éagsúla agus cuí a thabhairt do scoláirí a gcuid foghlama a thaispeáint fad is atáthar airdeallach gan rómheasúnú a dhéanamh.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair, tacú le múinteoirí agus iad ag pleanáil i gcomhair teagaisc, foghlama agus measúnaithe, lena n-áirítear an chaoi a bhféadfadh fócas ar fhorbairt réimse príomhinniúlachtaí ábhartha a chothú lena n-áirítear Smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna, Cumarsáid, Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú agus a bheith cruthaitheach, agus raon scileanna digiteacha a bheidh ábhartha don saol, don obair agus don staidéar amach anseo a fhorbairt.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an treoir seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhormhíniú agus pointí eile a chur leis an treoir.

## Tagairtí


An Comhaontas Measúnachta agus Cáilíochtaí, RA [ar líne] https://www.aqa.org.uk/subjects/economics/a-level/economics-7136/specification [arna rochtain an 1 Bealtaine 2025]

Business Standard [ar líne} Global economic growth to remain subdued at 2.8% in 2025: United Nations | World News - Business Standard [arna rochtain an 1 Lúnasa 2025]

An Roinn Oideachais. (An Roinn Oideachais) 2015. An Creat don tSraith Shóisearach [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/media/3145/creat-don-tsraith-shoisearach-2015.pdf [arna rochtain an 2 Iúil 2025]

An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) 1994. Ráiteas an Chláir Idirbhliana (IB) [ar líne] ar fáil https://www.curriculumonline.ie/getmedia/5a5c7025-840d-498d-92b5-d109a461e812/IB-Raiteas-an-Chlair-GA-INT.pdf [arna rochtain an 4 Iúil 2025]

An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES), 1995. Siollabas Ghnó na hArdteistiméireachta [ar líne] ar fáil https://www.curriculumonline.ie/getmedia/dba1ebb1-fabe-4812-9c20-62847b679392/SCSEC08_Business_Syllabus_Gaeilge.pdf [arna rochtain an 28 Meitheamh 2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) 2016. Sonraíocht Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí [ar líne] ar fáil https://www.curriculumonline.ie/getmedia/d8024ea2-ac12-4f46-bf5e-5f1ed5053cde/13751-NCCA-Specification-for-Jr-Cycle-Business-Studies-IRISH-v2_AR-1264_1.pdf [arna rochtain an 5 Iúil 2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) 2018. Sonraíocht Churaclaim na hEacnamaíochta, 2018, CNCM, [ar líne] ar fáil https://www.curriculumonline.ie/getmedia/fe88e188-c3ec-4304-a31e-e1dd0a5b01d9/LC_Economics_0219_GA1.pdf [arna rochtain an 8 Aibreán 2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), 2019. Siollabas Ghnó na hArdteistiméireachta Nuashonrú Reachtaíochta [ar líne] ar fáil https://www.curriculumonline.ie/Seniorcycle/Senior-Cycle-Subjects/Business/ [arna rochtain an 19 Meitheamh 2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), 2018. Sonraíocht Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta [ar líne] ar fáil https://www.curriculumonline.ie/getmedia/fe88e188-c3ec-4304-a31e-e1dd0a5b01d9/LC_Economics_0219_GA1.pdf [arna rochtain an 19 Meitheamh 2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta CNCM, Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí [ar líne] https://ncca.ie/media/6313/key_competencies_in_senior_cycle_ga_2023.pdf [arna rochtain]

Tuarascáil ar chur i bhfeidhm luath Staidéar Gnó agus Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí, CNCM, Lúnasa, 2020 [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/media/4805/published_report-on-phase-two-early-enactment-report_290520_en.pdf [arna rochtain an 4 Iúil 2025]

Údarás Cáilíochtaí na hAlban [ar líne]
https://www.sqa.org.uk/sqa/47920.html [arna rochtain]

Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach, Tuarascáil Chomhairleach, CNCM, [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/ga/acmhainni/athbhreithniu-ar-an-tsraith-shinsearach-tuarascail-chomhairleach/ [arna rochtain an 2 Iúil 2025]

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), 2021. Obair Chúrsa na hArdteistiméireachta [ar líne] ar fáil https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-EX-33852449.pdf [arna rochtain an 1 Iúil 25]

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), 2024. Staitisticí Scrúdaithe Bliantúla 2019-2024 [ar líne] ar fáil ar https://www.examinations.ie/statistics/ [arna rochtain an 1 Iúil 2025]

An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM) [ar líne]
https://ccea.org.uk/post-16/gce/subjects/gce-economics-2016 [arna rochtain]

Bord HSC Maharashtra na hIndia [ar líne]
https://static.collegedekho.com/media/uploads/2023/11/29/h49.pdf [arna rochtain]

# Aguisín 1: Paraiméadair uileghabhálacha le haghaidh ceapadh socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 4.

1. **Cúlra**

- D'fhógair an tAire Oideachais nuashonrú an 20 Meán Fómhair 2023 maidir leis an gcur chuige atá le glacadh le haghaidh sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear conas a thabharfaí aghaidh ar mheasúnú sna sonraíochtaí sin. I bhfocail shonracha, léirigh an fógra an méid a leanas:
    - Beidh comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis ag gach ábhar i dteannta an scrúdaithe scríofa deiridh.
    - Is fiú 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil an chomhpháirt mheasúnaithe (CMB) sin.
    - Beidh aon scrúdú scríofa amháin ag gach ábhar; beidh 60% de na marcanna ag gabháil leis an scrúdú scríofa de ghnáth.
    - Go tipiciúil, ba cheart dhá chomhpháirt mheasúnaithe a bheith ann: Scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin eile (CMB).
- Is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tar éis an t-ualach measúnaithe foriomlán ar scoláirí a mheas go fada fairsing. Mar sin féin, bheadh eisceacht den sórt sin bunaithe ar fhianaise láidir shoiléir go bhfuil an dara CMB nó an dara scrúdpháipéar sa scrúdú deiridh riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim na scoláirí, rud nach féidir a bhaint amach trí CMB amháin agus scrúdpháipéar scríofa amháin.

2. **Réamhrá**

Tugtar breac-chuntas sa cháipéis seo ar na socruithe agus paraiméadair mheasúnaithe uileghabhálacha a threoraíonn ceapadh na sonraíochtaí le haghaidh gach ábhair i dTráinse 4, ina measc:

- Ealaín
- Eacnamaíocht
- Fraincis
- Gaeilge
- Gearmáinis
- Iodáilis
- An Pholaitíocht agus an tSochaí
- Spáinnis
- Teicneolaíocht.

Cuirtear bonn eolais faoin gcomhairle sin leis an obair leanúnach leis na hábhair i dTráinse 2 agus 3 agus leasófar í, de réir mar is cuí, i gcás tráinsí amach anseo lena bhféadfar a réimsí ábhair agus na socruithe measúnaithe atá ann faoi láthair a chur san áireamh.

Is léiriú ar an treo beartais a d'eisigh an tAire Oideachais iad na socruithe atá leagtha amach anseo: go mbeidh comhpháirt mheasúnaithe ann le haghaidh gach ábhair, go mbeidh sí i bhfoirm nach

scrúdú scríofa traidisiúnta í, go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na comhpháirteanna sin a leagan amach agus a mheasúnú, agus ar an gcaoi sin go mbeidh béim níos lú ar scrúduithe deiridh i mí an Mheithimh sa 6ú bliain.

Go sonrach, tá na socruithe do na comhpháirteanna measúnaithe uile ar a dtugtar breac-chuntas sa cháipéis seo leagtha amach ar bhonn na bhfógraí ón Aire an 29 Márta 2022, agus ina dhiaidh sin an 20 Meán Fómhair 2023. Agus na tuiscintí seo a leanas mar bhonn taca leis na comhpháirteanna measúnaithe:

- ní bheidh siad i bhfoirm scrúduithe scríofa traidisiúnta
- is é CSS a leagfaidh amach iad agus a mharcálfaidh iad
- beidh siad faoi réir shocruithe CSS chun iad a chur i gcrích, a dheimhniú agus a chur isteach.

Agus na socruithe ar a dtugtar breac-chuntas thíos á bhforbairt, is amhlaidh atá an bunús seo a leanas lárnach chun dul i dtreo comhpháirt mheasúnaithe eile, thar scrúduithe scríofa, a bheith ag na hábhair uile. Cuirtear bonn eolais faoin mbunús sin le plé ar thaighde atá coimisiúnaithe ag CNCM agus CSS, agus ar an litríocht mheasúnaithe go ginearálta. Ón obair seo, is léir go bhféadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh leis na comhpháirteanna sin:

- **Spleáchas a laghdú** ar scrúduithe suimitheacha scríofa agus mar sin foráil a dhéanamh do **chóras measúnaithe níos leithne**; tá ról tábhachtach ag scrúduithe scríofa ach is féidir a mheas gur 'léargas' ar fhoghlaim atá iontu agus go bhféadfaí an iomad béime a chur ar ullmhú do scrúduithe sa teagasc agus san fhoghlaim mar thoradh; le foirmeacha eile measúnaithe is féidir an fhéidearthacht chun an cúngú sin ar fhoghlaim a mhaolú trí ghnéithe d'fhoghlaim an scoláire a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus/nó níos cuimsithí ná mar is féidir a dhéanamh le scrúduithe scríofa iontu féin; nó measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim nach bhfuil inmheasúnaithe go héasca trí scrúduithe scríofa.
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun go bhforbróidh a dtuiscint agus a measúnú ar **phríomhinniúlachtaí** trí bheith ag cur le tuiscint níos fearr faoin gcaoi le heolas, scileanna, luacha agus meonta a mheasúnú.
- Deiseanna a chur ar fáil do scoláirí agus do mhúinteoirí chun **machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire**, borradh a chur faoi spreagadh foghlama an scoláire agus deiseanna maidir le cleachtais aiseolais fhoirmithigh a fheabhsú.
- Raon agus ilchineálacht na ndeiseanna measúnaithe a shíneadh; lena n-áirítear **an t-ualach measúnaithe a scaipeadh** i gcaitheamh an dá bhliain dheireanacha den tsraith shinsearach agus dá réir sin cabhrú leis an mbrú a bhíonn ar scoláirí a laghdú nó a leathadh.
- **Scileanna agus inniúlacht mheasúnaithe na múinteoirí** a chothú agus a fhorbairt de réir mar a thacaíonn an múinteoir leis an scoláire agus é ag obair trí na gníomhaíochtaí measúnaithe a shonraítear i dtreoracha measúnaithe nó treoirlínte.
- Sonraí measúnaithe scoláirí a ghiniúint lenar féidir leochaileacht an chórais a laghdú i leith suaitheadh amach anseo ar an gcóras nach bhfacthas riamh cheana nó nach raibh coinne leis amhail COVID.
- Foráil a dhéanamh maidir le deiseanna measúnaithe atá níos **barántúla** ná córas a bhraitheann ar scrúduithe scríofa deiridh agus sin amháin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go léirítear freisin le hathbhreithniú ar an litríocht mheasúnaithe ar bhealach níos ginearálta, nuair a thabharfar isteach comhpháirteanna measúnaithe eile nach mór breithniú ar conas rioscaí a mhaolú, mar shampla:

- rómheasúnú ar scoláirí
- róchleachtadh ar mheasúnuithe
- measúnuithe ina bhfuil an iomarca struchtúir, ranna, athdhéanta agus gnáthaimh.

Mar is amhlaidh cheana i gcás ina bhfuil feidhm ag foirmeacha eile measúnaithe, beidh na socruithe measúnaithe nua faoi threoir phrionsabail uileghabhálacha an chothromais, na cothroime agus an ionracais.

Ina theannta sin, ar leibhéal na gclár uile (.i. agus na hábhair agus na modúil uile a chuirtear i bhfeidhm i scoileanna á gcur san áireamh), is gá aird a thabhairt ar an ualach measúnaithe iomlán a bhíonn ar scoláirí go príomha, agus ar scoileanna ar bhonn níos ginearálta freisin. Cé gur féidir a bheith ag súil leis go bhféadfadh SDGanna díriú ar an gcur chuige chun measúnú a dhéanamh ina n-ábhar féin ar dtús, moltar dóibh a bheith airdeallach ar an ualach measúnaithe foriomlán ar fud na n-ábhar agus na modúl uile. Ar na breithnithe sin ar leibhéal na gclár uile, áireofar freisin na modhanna measúnaithe a bhíonn in úsáid. Mar a luaitear thuas, is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tugtar breac-chuntas sa chuid seo a leanas ar an bpróiseas le haghaidh na gcásanna sin.

## 3. Próiseas

Leagtar amach sa chuid seo an próiseas trína ndéanfar breithniú agus cinneadh ar athrú ar na paraiméadair a shainítear sa cháipéis seo; mar shampla, CMB breise nó an dara scrúdú scríofa deiridh.

1. Tar éis do SDG cuid mhór plé a dhéanamh agus tar éis réimse roghanna a fhiosrú le haghaidh CMB oiriúnach aonair/scrúdú scríofa aonair don ábhar, gineann Feidhmeannas CNCM nóta scríofa ina leagtar amach an cás láidir, soiléir atá á dhéanamh ag an Meitheal Forbartha.
2. Aontaíonn an Mheitheal Forbartha Ábhair an cás scríofa agus cuireann siad a n-ainmneacha leis.
3. Pléitear an cás scríofa leis an mBord don tSraith Shinsearach.
4. Pléitear an cás scríofa leis an gComhairle. De bhun an phlé sin, cinneann an Chomhairle cé acu is ceart nó nach ceart an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn.

   b) Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar scoláirí a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle nach bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, iarrann an Chomhairle ar an Meitheal Forbartha oibriú ar bhonn na bparaiméadar arna leagan amach sa cháipéis seo a bhaineann leis an ábhar i gceist.

   NÓ

   b) Tar éis di breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar scoláirí a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle go bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, aontaíonn an Chomhairle an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais.

5. I gcás 4b, seoltar an cás scríofa chuig Oifig Bainistíochta an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRPMO) sa Roinn Oideachais lena bhreithniú agus le haghaidh freagartha.
6. Féadfaidh an Roinn an Grúpa Forfheidhmithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRIG) a thionól chun tacú lena breithniú ar an iarraidh ar athrú. Is struchtúr atá á threorú ag an Roinné SCRIG a bunaíodh chun maoirseacht agus tacaíocht a sholáthar do chomhordú na hoibre ar fud na bpríomhghníomhaireachtaí/na bpríomheagraíochtaí a rannchuidíonn le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Ar a chomhaltaí áirítear oifigigh shinsearacha ón Roinn (an Rannóg Beartas, Churaclam agus Measúnacht, an Chigireacht, Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí [FGM]), CNCM, CSS agus Oide.
7. Cinneann an Roinn tacaíocht a thabhairt nó diúltú don iarraidh ar athrú a lorgaíodh, agus cuireann sí a cinneadh in iúl i scríbhinn do CNCM in am trátha.
8. Déanann an Mheitheal Forbartha Ábhair dul chun cinn maidir lena cuid oibre i gcomhréir le freagra na Comhairle (a eascraíonn as 4a) nó freagra na Roinne (a eascraíonn as 4b agus 7).

## 4. Amlínte

Beidh am ag teastáil don phróiseas ar a dtugtar breac-chuntas thuas. Maidir leis an am sin, dá mbeadh roinnt seachtainí i gceist, d'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige ar an amlíne le haghaidh céimeanna sonracha d'obair ar shonraíocht an ábhair agus/nó cur i gcrích foriomlán na sonraíochta sula gcuirtear ar aghaidh chuig an Roinn lena breithniú í. Is féidir go bhfágfaidh an toisc ama sin gur gá do CNCM cruinnithe breise den Mheitheal Forbartha Ábhair, den Bhord don tSraith Shinsearach agus den Chomhairle a eagrú ar líne chun a chinntiú go gcomhlíonfar an obair forbartha laistigh de na hamlínte foriomlána.

Leagtar amach i dTábla 1 thíos na paraiméadair agus na próisis ghinearálta chun obair na meithleacha forbartha ábhair (SDGanna) a threorú de réir mar a dhéanann siad an measúnú is iomchuí do gach ábhar a mheas. Leagtar amach i dTábla 2 na paraiméadair shonracha do gach ceann de na hábhair i dTráinse 4.

**Tábla 1: Paraiméadair agus próisis mheasúnaithe – cur i bhfeidhm ginearálta maidir le hábhair thráinse 4**

| **Údair Mhachnaimh** | **Paraiméadair chun obair na meithle forbartha a threorú.** |
|---|---|
| **Cineál** | Leagfar amach cuspóir agus nádúr na comhpháirte measúnaithe go soiléir sa tsonraíocht ábhair agus sna treoirlínte a théann léi chun tacú le cur i gcrích an mheasúnaithe. Cuirfear mionsonraí ar fáil maidir le cineál na comhpháirte. Ar na samplaí atá ann tá:<br>• tionscadal taighde/aiste fhada<br>• measúnú ó bhéal<br>• measúnú feidhmíochta<br>• measúnú punainne<br>• déantán a chruthú<br>• staidéar allamuigh<br>• turgnamh/ cruthúnas ar choincheap/ iniúchadh praiticiúil. |

| | |
|---|---|
| | Leis an tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a ghabhann léi cuirfear in iúl go soiléir an méid a éilítear ar scoláirí a dhéanamh, an fhoirm nó na foirmeacha inar féidir é a dhéanamh agus a chur isteach, agus ionchais an ualaigh oibre a bhaineann leis an measúnú. Soláthrófar ailíniú na comhpháirte measúnaithe le sraith ar leith de thorthaí foghlama ó shonraíocht an ábhair, chomh maith le mionsonraí faoi na príomhinniúlachtaí agus na torthaí foghlama bainteacha atá le measúnú. Ní chuirtear bac leis sin ar mheasúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama céanna sa scrúdú deiridh. |
| **Ualú** | Bronnfar 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil ar an gcomhpháirt mheasúnaithe i ngach ábhar. |
| **Am** | Tabharfaidh SDG comhairle maidir leis an tréimhse a bhfuil gá léi chun an chomhpháirt mheasúnaithe a dhéanamh i gcaitheamh an staidéir. |
| **Cur i gCrích agus Cur Isteach** | Cé gur féidir le SDG an uair a d'fhéadfadh sin tarlú a mholadh (mar ar tagraíodh dó thuas ag féachaint don ualach measúnaithe ar scoláirí go háirithe), déanfaidh CSS cinneadh deiridh tar éis breithniú a dhéanamh ar an sceideal foriomlán de dhátaí críochnaithe do na measúnuithe uile ar fud na n-ábhar uile. Tabharfaidh CSS an méid sin chun críche tar éis dó dul i mbun plé le CNCM agus an Roinn Oideachais.<br><br>Foilseoidh CSS na dátaí deiridh faoina mbeidh an chomhpháirt mheasúnaithe le críochnú agus/nó le cur isteach ag an scoláire agus ní bheidh na dátaí sin sa tsonraíocht ábhair. |
| **Dearadh** | Is éard a bheidh mar thoradh ar fhormhór na gcomhpháirteanna measúnaithe mír chríochnaithe a bhfuil difríocht bhunúsach idir í agus scrúdú scríofa traidisiúnta agus ina ndéantar tástáil ar inniúlachtaí difriúla a bheith á dtarchur chuig CSS agus á meas ag CSS.<br><br>I gcásanna áirithe, de réir dhearadh an mheasúnaithe, is féidir go mbeidh ar scrúdaitheoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna chun an measúnú a dhéanamh ach is gá inbhainistitheacht ar an leibhéal scoile agus córais a bhreithniú. |
| **Treoir** | Beidh treoirlínte a thacóidh le comhpháirteanna measúnaithe sonrach do gach ábhar. Forbróidh an CNCM agus an CSS na treoirlínte sin i gcomhar le chéile. Déanfaidh machnamh an SDG agus iad i mbun oibre ar fhorbairt na sonraíochta eolas dóibh agus beidh na mionsonraí a leanas san áireamh:<br>• cuspóir na comhpháirte lena mbaineann, .i., cad é atá beartaithe a mheasúnú léi.<br>• an cineál comhpháirte/gníomhaíochta measúnaithe atá i gceist. |

| | |
|---|---|
| | • tuairisceoirí ar cháilíocht i bhfoirm rúibric ghrádaithe agus mionsonraí faoi chaighdeáin mheasúnaithe ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal má mheastar gur gá de réir an mhodha measúnaithe.<br>• mionsonraí maidir le huainiú an mheasúnaithe (a fhad agus cathain a d'fhéadfadh sé tarlú).<br>• treoir ar na próisis a fhéadfar a úsáid chun an measúnú a riar. |

**Tábla 2: Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe do gach ábhar i dTráinse 4**

| Ábhar | Na socruithe reatha | Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe nua |
|---|---|---|
| **Ealaín** | *Obair chúrsa phraiticiúil:* 50% (curtha i gcrích thar 12 sheachtain); I mí na Nollag de Bhliain 6, eisíonn CSS leabhar sceitseála agus treoir le 3 théama agus roghnaíonn na scoláirí ceann amháin acu. Ní mór dóibh 2 dhéantúsán a chruthú in 2 réimse cleachtais ar leith. Cuirtear déantúsán amháin i gcrích le linn na tréimhse seo agus ní mór dóibh dul i mbun pleanála do tháirgeadh an dara déantúsán sa scrúdú praiticiúil.<br><br>*Scrúdú Praiticiúil:* 20% (5 uair an chloig); scrúdú ar a ndéantar feitheoireacht. Déantar é 10 lá tar éis chur i gcrích na hoibre cúrsa praiticiúla (thuas). Dírítear ar chur i gcrích an dara déantúsán. Tá an phleanáil don mheasúnú seo san áireamh sa leabhar sceitseála.<br><br>Tugann CSS cuairt ar an scoil le measúnú a dhéanamh ar an dá dhéantúsán agus ar an leabhar sceitseála.<br><br>*Scrúdú scríofa*: 30% (2.5 uair an chloig) | An scrúdú scríofa: ualú 30% ar a laghad.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 60% ar a laghad mar fhreagairt ar threoir arna heisiúint ag CSS.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Eacnamaíocht** | Maireann an scrúdú scríofa 2.5 uair an chloig do scoláirí | Scrúdú scríofa: ualú 60%. |

| | | |
|---|---|---|
| | ardleibhéil agus gnáthleibhéil agus bronntar 400 den 500 marc atá ar fáil (80%) air.<br><br>Tionscadal taighde scoláire aonair atá san obair chúrsa, rud a dhéantar mar fhreagairt ar threoir chomhchoiteann ó CSS agus is fiú 100 marc é (20%). Tá sé bunaithe ar thorthaí foghlama na sonraíochta. Déantar an obair chúrsa agus an obair phraiticiúil a ghrádú i gcomhréir leis na caighdeáin a bhaineann leis an leibhéal ag a ndéanann an t-iarrthóir an scrúdú scríofa. | Comhpháirt mheasúnaithe: ualú 40%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |
| **Fraincis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Téacs ainmnithe ar bith.<br><br>Dírítear an bhéaltriail ar chomhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais agus d’fhéadfadh saothar litríochta nó tionscadal ar oibrigh an scoláire air a bheith san áireamh léi. | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Gaeilge** | **Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal**<br><br>Scrúdú scríofa le 2 pháipéar: | Scrúdú scríofa (lena n-áirítear cluastuiscint, cumadóireacht agus tuiscint); ualú 50% ar a laghad |

| | | |
|---|---|---|
| | Páipéar 1: AL 2 uair; GL 1 uair 50 nóim. (160 marc)<br>Cluastuiscint (60 marc)<br>Cumadóireacht (100 marc)<br><br>Páipéar 2: AL 3 uair 5 nóim.; GL 2 uair 20 nóim. (200 marc)<br>Léamhthuiscint (AL agus GL: 100 nóim.)<br>Prós (AL 30 nóim.; GL 50 nóim.)<br>Filíocht (AL 30 nóim.; GL 50 nóim.)<br>Litríocht Bhreise (AL 40 nóim.)<br><br>Béaltriail: 240 marc<br><br>Le haghaidh AL agus GL:<br><br>▪ Réamhrá: 5m<br>▪ Léamh Filíochta: 35m<br>▪ Comhrá: 120m<br>▪ Sraith pictiúr: 80m<br><br>**Bonnleibhéal**<br><br>Páipéar scríofa amháin: 2 uair 20 nóim. (360 marc)<br><br>Cluastuiscint (120 nóim.)<br>Léamhthuiscint (150 nóim.)<br>Scríbhneoireacht (90 nóim.)<br><br>Béaltriail: (240 marc)<br><br>Tá seo roinnte ina 4 bhloc mar a leanas:<br><br>Bloc 1: Teaghlach agus Baile<br>Bloc 2: Cúrsaí Scoile<br>Bloc 3: Caithimh aimsire<br>Bloc 4: Laethanta saoire, am, aimsir agus obair. | Béaltriail: ualú 40% ar a laghad |
| **Gearmáinis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15% | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad |

| | | |
|---|---|---|
| | Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Téacs ainmnithe ar bith.<br><br>Tá 3 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais<br>B: Plé ar thionscadal nó ar shraith pictiúr<br>C: Cás rólimeartha | Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Iodáilis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Rogha staidéar a dhéanamh ar théacs ainmnithe.<br><br>Tá 3 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais<br>B: Cás rólimeartha | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |

| | | |
|---|---|---|
| | C: Sraith pictiúr | |
| **An Pholaitíocht agus an tSochaí** | Is fiú 80% de na marcanna iomlána atá ar fáil an scrúdú scríofa, agus maireann an scrúdú 2 uair an chloig agus 30 nóiméad ar fad.<br><br>Tuarascáil saoránachta atá i gceist leis an obair chúrsa agus sanntar an 20% atá fágtha di. | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |
| **Spáinnis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Rogha staidéar a dhéanamh ar théacs ainmnithe.<br><br>Tá 2 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais le rogha saothar litríochta a phlé<br>B: Cás rólimeartha | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Teicneolaíocht** | Is ionann an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon agus 200 marc (50%).<br>Maireann scrúdú scríofa an ardleibhéil 2.5 uair an chloig agus | Scrúdú scríofa: ualú 50%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: ualú 50%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |

| | | |
|---|---|---|
| | maireann scrúdú scríofa an ghnáthleibhéil 2 uair an chloig.<br><br>Is ionann an obair chúrsa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon agus 200 marc (50%).<br>Tá an obair chúrsa difriúil agus treoracha ar leith socraithe le haghaidh an ardleibhéil agus an ghnáthleibhéil.<br>Eisítear na treoracha thart ar an 1 Deireadh Fómhair (Bliain 6) lena gcur i gcrích timpeall an 30 Márta. | Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment